# Rialacha Fleadhanna Ceoil

**Ráiteas Misin:** Cuirfear na Fleadhanna Ceoil ar siúl chun ceol traidisiúnta na hÉireann, idir cheol gutha agus cheol uirlise, damhsa traidisiúnta na hÉireann agus an Ghaeilge a chraobhscaoileadh, a neartú agus a choinneáil fada buan trína gcur i láthair ar an tslí is dual dá ndínit, agus de réir Aidhmeanna agus Cuspóirí Chomhaltas Ceoltóirí Éireann. Níl sé i gceist nach mbeadh sna comórtais ach bealach inar féidir le hiomaitheoir duais a bhuachan nó an ceann is fearr a fháil ar chéile iomaíochta, ach is amhlaidh gur deis a bheidh iontu ina bhféadfaidh na hiomaitheoirí cos a choinneáil le chéile ar bhóthar an fheabhais.

Tréithe traidisiúnta a bheidh ag baint le gach comórtas agus reáchtálfar gach comórtas réir Bhunreacht Chomhaltas Ceoltóirí Éireann.

---

**Comhaltas Ceoltóirí Éireann**

32 Cearnóg Belgrave, Baile na Manach, Co. Átha Cliath, A94 XV02, Éire.

Teil: (+353-1) 280 0295 | Faics: (+353-1) 280 3759

R-phost: eolas@comhaltas.ie | Suíomh: http://www.comhaltas.ie

# INNÉACS

| | |
|---|---|
| Rialacha Ginearálta agus Gnás Iontrála | 2 |
| Comórtais 1-39: Riachtanais maidir le Seinm nó Amhránaíocht | 5 |
| Comórtais Oifigiúla Fleidhe Ceoil | 6 |
| Comórtais 40-43: Rince Céilí | 13 |
| Comórtais 44-47: Seiteanna Traidisiúnta | 16 |
| Comórtas 48: Rince ar an Sean Nós | 19 |
| Comórtas 49: Comhrá Gaeilge | 20 |
| Comórtas 50-51: Storytelling / Scéalaíocht | 21 |
| Na Fleadhanna Ceoil: Struchtúir agus Gnásanna Ginearálta | 23 |
| Gnás an Chomórtais | 24 |
| Gnás Moltóireachta | 25 |
| Cléirigh agus Maoir | 27 |
| Duaiseanna | 28 |
| An Coiste Fleidhe agus an Gnás Riaracháin | 29 |
| Fleadhanna Contae agus Fleadhanna Réigiúnacha | 31 |
| Fleadhanna Cúige | 32 |
| Fleadh Cheoil na hÉireann | 34 |

# Rialacha Ginearálta agus Gnás Iontrála

1 **Ráiteas Misin:** Cuirfear na Fleadhanna Ceoil ar siúl chun ceol traidisiúnta na hÉireann, idir cheol gutha agus cheol uirlise, damhsa traidisiúnta na hÉireann agus an Ghaeilge a chraobhscaoileadh, a neartú agus a choinneáil fada buan trína gcur i láthair ar an tslí is dual dá ndínit, agus de réir Aidhmeanna agus Cuspóirí Chomhaltas Ceoltóirí Éireann. Níl sé i gceist nach mbeadh sna comórtais ach bealach inar féidir le hiomaitheoir duais a bhuachan nó an ceann is fearr a fháil ar chéile iomaíochta, ach is amhlaidh gur deis a bheidh iontu ina bhféadfaidh na hiomaitheoirí cos a choinneáil le chéile ar bhóthar an fheabhais.

2 Tréithe traidisiúnta a bheidh ag baint le **gach comórtas** agus reáchtálfar gach comórtas réir Bhunreacht Chomhaltas Ceoltóirí Éireann.

3 Clúdaíonn na **Rialacha Fleadhanna Ceoil agus Clár na gComórtas** gach Comórtas Fleidhe de chuid CCÉ sa liosta 1-51. Beidh feidhm ag na gnásanna, na treoirlínte agus na rialacha atá leagtha amach sna Rialacha Fleadhanna Ceoil agus i gClár na gComórtas maidir le gach comórtas 1-51.

4 **Gnás Iontrála:**

I Ní mór iontrálacha, agus iad i nGaeilge más féidir é, a chur faoi bhráid Rúnaí Craoibhe CCÉ tráth nach déanaí ná sé seachtaine roimh an gcéad lá de chomórtais na Fleidhe. Cuirfidh Rúnaí Craoibhe CCÉ na hiontrálacha sin faoi bhráid an Rúnaí Contae tráth nach déanaí ná cúig seachtaine roimh an gcéad lá de chomórtais na Fleidhe. Ní ghlacfar le hiontrálacha déanacha i ndiaidh an spriocdháta.

II Tá struchtúr na dtáillí leagtha amach ar an bhFoirm Iontrála don Fhleadh.

**TABHAIR FAOI DEARA:** Sna comórtais beirte agus trír, gearrfar táille iontrála chuí an chomórtais ar chomhalta de CCÉ agus ar an té nach comhalta é nó í.

III Tá comórtais na Fleidhe Ceoil oscailte do dhaoine nach bhfuil ina gcomhaltaí de CCÉ, agus ní mór na hiontrálacha a sheoladh leis an táille chuí chuig an Rúnaí Contae sé seachtaine roimh an bhFleadh Cheoil.

IV Ní féidir le hiomaitheoirí cur isteach ar chomórtas faoi ainm múinteora ná faoi ainm eagraíocht ar bith eile seachas Craobh de chuid an Chomhaltais. Ba cheart do dhaoine nach bhfuil ina gcomhaltaí de CCÉ a n-ainmneacha agus a seoltaí baile a chur isteach. Ní bheidh na seoltaí iomlána le feiceáil ar an gClár.

V I gcás iomaitheoirí atá ina gcomhaltaí de CCÉ agus a cháilíonn ó Fhleadhanna Contae / Réigiúnacha chuig Fleadhanna Cúige agus ó Fhleadhanna Cúige chuig Fleadh na hÉireann, ní gá dóibh táille iontrála a íoc i leith na Fleidhe dá bhfuil siad cáilithe ach ní mór dóibh táille iontrála chuig an ionad a íoc ag an bhFleadh féin. Ní chlúdaíonn na táillí iontrála chuig an bhFleadh na táillí iontrála chuig an ionad.

VI I gcás bhuaiteoirí na gComórtas os cionn 18 (D), bhuaiteoirí na gComórtas Seit Mheasctha os cionn 35 (47L) agus bhuaiteoirí na gcomórtas Bannaí Píbe d'aois ar bith (30E) ag Fleadh Cheoil na hÉireann an bhliain roimhe sin, níl siad incháilithe chun dul san iomaíocht sa chomórtas céanna sa Fhleadh Chontae / Réigiúnach nó sa Fhleadh Chúige, ós rud é, ina gcáil mar Churaidh na hÉireann faoi láthair sna comórtais sin, go bhfuil sé de cheart acu chun dul san iomaíocht i bhFleadh Cheoil na hÉireann an bhliain dar gcionn. Ní bhaineann sé sin le buaiteoirí na gcomórtas seo: Bailéid Nuacheaptha, Amhráin Nuacheaptha agus Píosaí Ceoil Nuacheaptha.

5 **Cónaitheacht:** I gcás na gcomórtas aonair, na gcomórtas beirte agus na gcomórtas trír go léir, ní mór cónaí a bheith ar na hiomaitheoirí sa Chontae nó sa Réigiún ina bhfuil an Fhleadh ar siúl. Maidir le Rince Céilí, Rince Seit, Bannaí Céilí, Bannaí Máirseála agus Grúpaí Ceoil, moltar, chomh fada agus is féidir é, go mbeadh na hiomaitheoirí sin ina gcónaí sa Chontae nó sa Réigiún freisin. Measfar go bhfuil na hiomaitheoirí ina gcónaí sa Chontae nó sa Réigiún más rud é go bhfuil gnáthchónaí orthu sa Chontae / Réigiún sin ar feadh tréimhse nach lú ná sé mhí sna 12 mhí roimh dháta na Fleidhe. I gcás na gcomórtas le haghaidh Bailéid Nuacheaptha i nGaeilge, Bailéid Nuacheaptha i mBéarla, agus Píosaí Ceoil Nuacheaptha, ní mór cónaí a bheith ar an gcumadóir sa Chontae nó sa Réigiún.

**6** **Aoisghrúpaí:** Tá feidhm ag na haoisghrúpaí seo a leanas maidir le comórtais na bhFleadhanna Ceoil.

| | |
|---|---|
| **A** | **Faoi 12:** duine a shlánóidh 12 bhliain nó aois níos lú ar aon dáta i rith na bliana ina bhfuil comórtais na bhFleadhanna Ceoil ar siúl. |
| **B** | **12-15:** duine a shlánóidh 13, 14 nó 15 bliana ar aon dáta i rith na bliana ina bhfuil comórtais na bhFleadhanna Ceoil ar siúl. |
| **C** | **15-18:** duine a shlánóidh 16, 17 nó 18 mbliana ar aon dáta i rith na bliana ina bhfuil comórtais na bhFleadhanna Ceoil ar siúl. |
| **D** | **Os cionn 18:** duine a shlánóidh 19 mbliana nó aois níos mó ar aon dáta i rith na bliana ina bhfuil comórtais na bhFleadhanna Ceoil ar siúl. |
| **E** | **Aois ar bith** |
| **F** | **Faoi 18:** duine a shlánóidh 18 mbliana nó aois níos lú ar aon dáta i rith na bliana ina bhfuil comórtais na bhFleadhanna Ceoil ar siúl. |
| **G** | **Faoi 9:** duine a shlánóidh 9 mbliana nó aois níos lú ar aon dáta i rith na bliana ina bhfuil comórtais na bhFleadhanna Ceoil ar siúl. |
| **H** | **9-11:** duine a shlánóidh 10 nó 11 bhliain ar aon dáta i rith na bliana ina bhfuil comórtais na bhFleadhanna Ceoil ar siúl. |
| **I** | **11-13:** duine a shlánóidh 12 bhliain nó 13 bliana ar aon dáta i rith na bliana ina bhfuil comórtais na bhFleadhanna Ceoil ar siúl. |
| **J** | **13-15:** duine a shlánóidh 14 nó 15 bliana ar aon dáta i rith na bliana ina bhfuil comórtais na bhFleadhanna Ceoil ar siúl. |
| **K** | **15-18:** duine a shlánóidh 16, 17 nó 18 mbliana ar aon dáta i rith na bliana ina bhfuil comórtais na bhFleadhanna Ceoil ar siúl. |
| **L** | **Baineann Aoisghrúpa L le Comórtas 47L amháin – Seit Measctha os cionn 35.** Ní mór do gach duine den seit 36 bliana nó aois níos mó a bheith slánaithe aige nó aici ar aon dáta i rith na bliana ina bhfuil comórtais na bhFleadhanna Ceoil ar siúl. |

**TABHAIR FAOI DEARA:** I gcás díospóide, ní mór teastas aoise a thabhairt ar aird laistigh de 7 lá den chomórtas, ar iarraidh ón Rúnaí Contae / Réigiúnach / Cúige nó Rúnaí na hArdchomhairle. Mura dtaispeánfar an teastas aoise cuí, dícháileofar an t-iomaitheoir sin.

**I** I ngach comórtas Aonair, ní mór d'iomaitheoir dul san iomaíocht ina (h)aoisghrúpa féin amháin.

**II** I gcás Comórtais Ceoil Beirte, Ceoil Trír, Grúpaí Ceoil, Bannaí Céilí agus Bannaí Máirseála, ní fhéadfaidh iomaitheoir dul san iomaíocht ach aon uair amháin in aon aoisghrúpa de na comórtais thuasluaite. Féadfaidh iomaitheoir dul san iomaíocht freisin in aoisghrúpa níos airde, ar an gcoinníoll go mbeidh uirlis dhifriúil á húsáid aige nó aici. I gcás na gcomórtas Ceoil Beirte agus Ceoil Trír, áfach, ní mór d'iomaitheoir amháin ar a laghad a bheith sa chatagóir aoise níos sine.

**III** Sa Rince Céilí, féadfaidh beirt rinceoirí ar a mhéid sa Rince Ochtair agus aon rinceoir amháin ar a mhéid sa Rince Ceathrair a bheith ag rince san aoisghrúpa díreach os cionn a gceann féin, cibé an raibh siad ag rince ina n-aoisghrúpa féin nó nach raibh. Is é sin, féadfaidh beirt rinceoirí don Rince Ochtair agus aon rinceoir amháin don Rince Ceathrair faoi 12 dul ag rince sa chatagóir 12-15 ach ní fhéadfaidh siad rince sa chatagóir 15-18. Tá feidhm ag an riail chéanna i gcás 12-15, 15-18 agus os cionn 18.

**IV** Sa Rince Seit, féadfaidh beirt rinceoirí ar a mhéid sna seiteanna iomlána agus aon rinceoir amháin ar a mhéid sna leathsheiteanna a bheith ag rince san aoisghrúpa díreach os cionn a gceann féin, cibé an raibh siad ag rince ina n-aoisghrúpa féin nó nach raibh. Is é sin, féadfaidh beirt rinceoirí ar fhoirne rince seit iomláin faoi 12 dul ag rince sa chatagóir 12-15 ach ní fhéadfaidh siad rince sa chatagóir 15-18. Tá feidhm ag an riail chéanna i gcás 12-15, 15-18 agus os cionn 18.

# Comórtais 1-39: Riachtanais maidir le Seinm nó Amhránaíocht

7 **Catagóirí / aicmithe na bhfonn faoi na Rialacha Fleadhanna Ceoil:**

- Fonn (mall nó bríomhar)
- Ríl
- Polca
- Cornphíopa
- Máirseáil
- Port (dúbailte, singil, luascach)
- Sleamhnán
- Rince Seit
- Masúrca
- Plancstaí
- Flaing
- Rince Sciobóil
- Schottische
- Máirseáil Chlainne
- Flaing Albanach
- Gearmánach

**Foinn rince a sheinntear do na rincí céilí le cead ón Ardchomhairle:**

- Deifir chun na Bainise
- Réici Mhala
- Pléaracha na Bandan
- Turas 'an Tí
- Lá Fhéile Phádraig
- Na Trí Foinn
- Bainis Uí Lonagáin
- Aoibhneas na Bealtaine

**8 Comórtais Oifigiúla Fleidhe Ceoil**

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Fidil – Fiddle | A B C D |
| 2 | Bosca Ceoil – Button Accordion | A B C D (Nóta 1) |
| 3 | Feadóg Mhór – Flute | A B C D (Nóta 2) |
| 4 | Feadóg – Whistle | A B C D (Nóta 3) |
| 5 | Cairdín Pianó – Piano Accordion | A B C D |
| 6 | Consairtín – Concertina | A B C D |
| 7 | Píb Uilleann – Uilleann Pipes | A B C D |
| 8 | Cruit – Irish Harp | A B C D |
| 9 | Orgán Béil – Mouth Organ | A B C D (Nóta 4) |
| 10 | Bainseó – Banjo | A B C D |
| 11 | Maindilín – Mandolin | A B C D |
| 12 | Pianó – Piano | A B C D |
| 13 | Mileoidean – Melodeon | A B C D (Nóta 5) |
| 14 | Rogha Gléas – Miscellaneous | A B C D (Nóta 6) |
| 15 | Tionlacan – Accompaniment | A B C D (Nóta 7) |
| 16 | Bodhrán | A B C D (Nóta 8) |
| 17 | Drumaí Céilí – Céilí Band Drums | A B C D (Nóta 9) |
| 18 | Foinn Mhalla, Fidil – Fiddle Slow Airs | A B C D |
| 19 | Foinn Mhalla, Píb Uilleann – Uilleann Pipes Slow Airs | A B C D |
| 20 | Foinn Mhalla, Feadóg Mhór – Flute Slow Airs | A B C D |
| 21 | Foinn Mhalla, Feadóg – Whistle Slow Airs | A B C D |
| 22 | Foinn Mhalla, Cruit – Harp Slow Airs | A B C D |
| 23 | Ceol Beirte – Duets | A B C D |
| 24 | Ceol Trír – Trios | A B C D |
| 25 | Bannaí Céilí – Céilí Bands | A B C D |
| 26 | Grúpaí Ceoil | A B C D |
| 27 | Bannaí Máirseála, Cairdín – Accordion (Marching) Band | F D |
| 28 | Bannaí Máirseála, Feadóg Mhór – Flute (Marching) Band | F D |
| 29 | Bannaí Máirseála, Rogha Gléas – Miscellaneous (Marching Band) | F D |
| 30 | Bannaí Máirseála, Píb – Pipe (Marching) Band | E |

| | | |
|---|---|---|
| **31** | Amhránaíocht ar an Seán Nós (Mná) – Irish Singing (Ladies) | A B C D |
| **32** | Amhránaíocht ar an Sean Nós (Fir) – Irish Singing (Men) | A B C D |
| **33** | English Singing (Ladies) – Amhráin Bhéarla (Mná) | A B C D |
| **34** | English Singing (Men) – Amhráin Bhéarla (Fir) | A B C D |
| **35** | Feadaíl – Whistling | A B C D |
| **36** | Portaireacht – Lilting | A B C D |
| **37** | Amhráin Nuacheaptha, Gaeilge – Newly Composed Songs in Irish | E |
| **38** | Newly Composed Songs in English – Amhráin Nuacheaptha, Béarla | E |
| **39** | Píosaí Cheoil Nuacheaptha – Newly composed Tunes | E |
| **40** | Rince Céilí Ochtair, Mná | A B C D |
| **41** | Rince Céilí Ochtair, Measctha | A B C D |
| **42** | Rince Céilí Ceathrair, Mná | A B C D |
| **43** | Rince Céilí Ceathrair, Measctha | A B C D |
| **44** | Rince Seit, Mná | A B C D |
| **45** | Rince Seit, Measctha | A B C D |
| **46** | Rince Leathsheit, Measctha | F D |
| **47** | Rince Seit, Measctha, Aoisghrúpa os cionn | L |
| **48** | Rince ar an Sean Nós | A B C D |
| **49** | Comhrá Gaeilge | G H I J K |
| **50** | Storytelling | A B C D |
| **51** | Scéalaíocht | A B C D |

*Nótaí ag baint le comórtais áirithe: Lean na nótaí ábhartha ar lth 8.*

**Nóta 1 Comórtas 2: Bosca Ceoil / Button Accordion:** ABCD (tá sé seo teoranta don Bhosca Ceoil DHÁ Ró amháin).

**Nóta 2 Comórtas 3: Feadóg Mhór / Flute:** Uirlisí ag a bhfuil tuinairde E Maol nó faoina bhun, agus feadóga traidisiúnta adhmaid den chóras simplí ina measc, chomh maith le córas Boehm, córas Radcliffe srl. Ní mór feadóga mór ag a bhfuil tuinairde os cionn E Maol a chur isteach ar an gcomórtas Rogha Gléas.

**Nóta 3 Comórtas 4: Feadóg / Whistle:** Is ionann feadóg agus uirlis ag a bhfuil fiobal agus suas le sé pholl méar. Is cuma cad é tuinairde na huirlise nó cé as a bhfuil sí déanta.

**Nóta 4 Comórtas 9: Orgán Béil** / **Mouth Organ:** Uirlis dhiatonach i ngléas socraithe, ní hionann agus an t-armónach. Uirlis chrómatach ina mbaintear leas as meicníocht nó luamhán is ea an t-armónach, agus ní mór an uirlis sin a sheinm sa chomórtas Rogha Ghléas.

**Nóta 5 Comórtas 13: Mileoidean / Melodeon:** Ní mileoidean é an bosca ceoil aon ró amháin agus ní ghlactar leis sa chomórtas mileoidin.

**Nóta 6 Comórtas 14: Rogha Gléas / Miscellaneous:** Clúdaítear sa chatagóir seo gach uirlis ar gnách an tséis a sheinm uirthi agus nach bhfuil san áireamh i Riail 8, 1-13. Ní ghlactar le huirlisí leictreonacha, cibé is le leictreachas príomhlíne nó cadhnra a n-oibrítear iad. I gcomórtais le haghaidh Rogha Gléas, ní fhéadfaidh iomaitheoir dul san iomaíocht ach ar aon uirlis amháin. I ngach comórtas **Rogha Gléas**, ní mór an uirlis (agus an tiúnadh más ábhartha) atá á seinm a shonrú ar Fhoirm Iontrála Oifigiúil na Fleidhe. Ní mór an uirlis céanna a bheith ag an iomaitheoir céanna ag gach Fleadh ina dhiaidh sin an bhliain sin. Sonrófar ainm agus uirlis an iomaitheora i liosta na n-iomaitheoirí do na Comórtais Rogha Gléas I ngach clár Fleidhe.

**Nóta 7 Comórtas 15: Tionlacan / Accompaniment:** Bíonn iomaitheoirí sa chomórtas seo ag gabháil don tionlacan seachas a bheith i mbun séise. Níor chóir pionós a ghearradh ar an tionlacaí sa chomórtas tionlacain as tosú ar dtús, is é sin an luas a leagan síos. Caithfear an tionlacan leanacht ar aghaidh don cur i láthair iomlán. Is í aidhm an chomórtais ná moltóireacht a dhéanamh ar an tionlacan amháin.

I ngach comórtas Tionlacain ní mór an uirlis atá á seinm a shonrú ar Fhoirm Iontrála Oifigiúil na Fleidhe. Ní mór an uirlis céanna a bheith ag an iomaitheoir céanna ag gach Fleadh ina dhiaidh sin an bhliain sin. Sonrófar ainm agus uirlis an iomaitheora i liosta na n-iomaitheoirí do na Comórtais Tionlacan i ngach clár Fleidhe. Féadfaidh beirt cheoltóirí ar a mhéid seinm d'iomaitheoirí sna comórtais Tionlacain.

**Nóta 8 Comórtas 16: Bodhrán:** Féadfaidh beirt cheoltóirí ar a mhéid seinm d'iomaitheoirí i gcomórtas an Bhodhráin.

**Nóta 9 Comórtas 17: Drumaí Céilí / Céilí Band Drumming:** Féadfaidh beirt cheoltóirí ar a mhéid seinm d'iomaitheoirí i gcomórtas na ndrumaí céilí.

9 Ní ghlacfar le **huirlisí leictreonacha ná uirlisí aimplithe** in aon chomórtas. Sa chás nach bhfuil pianó caighdeánach ar fáil, ní mór don Choiste atá ag eagrú na Fleidhe pianó leictreonach le heochracha ualaithe a chur ar fáil. Níl cead ag na hiomaitheoirí úsáid a bhaint as pianó leictreonach dá gcuid féin.

10 **Gan ach aon uirlis amháin:** Níl cead ag iomaitheoirí i gcomórtais aonair, Ceoil Beirte, Ceoil Trír, Bannaí Céilí agus Bannaí Máirseála athrú ó uirlis amháin go huirlis eile nó tiúnáil a shocrú le linn an chomórtais. Is iad iomaitheoirí sna comórtais Orgáin Béil agus na Comórtais Grúpaí Ceoil amháin a bhfuil cead acu uirlis nó tiúnáil a shocrú le linn comórtas.

11 **Comórtas 1–17:**

**Aoisghrúpa A agus Aoisghrúpa B:** Port amháin as gach ceann de dhá chatagóir port sa liosta thuas

**Aoisghrúpa C:** Port amháin as gach ceann de thrí chatagóir port sa liosta thuas

**Aoisghrúpa D:** Port amháin as gach ceann de cheithre chatagóir port sa liosta thuas

**Tabhair faoi deara:** I gcomórtais an Fhidil (1D), an Fhliúit (3D), na Feadóige (4D), na bPíob Uilleann (7D) agus na Cruite (8D) do na Sinsir, ní mór fonn mall a bheith i measc na gceithre phort.

- Seinnfidh na hiomaitheoirí gach fonn faoi dhó. I gcás foinn a sheinntear ina aonar, féadfaidh iomaitheoir é a sheinm trí huaire (AB AB AB). Más rud é go seinnfidh iomaitheoirí foinn bhreise – m.sh. dhá phort nó dhá ríl in ionad ceann amháin, déanfar an mholtóireacht i ndáil leis an gcéad fhonn a sheinnfear agus gearrfar pionós dhá mharc as gach fonn breise a thabharfar faoi.
- Ní féidir le iomaitheoirí aon athrú a dhéanamh ar tiúnáil na huirlise i rith an cur i láthair.

12 **Comórtais 18-22: Comórtais na bhFonn Mall**

- Cuirfidh gach Iomaitheoir liosta fonn faoi bhráid an mholtóra agus seinnfidh sé nó sí iad mar atá leagtha amach in Aoisghrúpaí A-D.

**Aoisghrúpa A:** Fonn amháin ó liosta 2 fhonn (rogha an mholtóra).

**Aoisghrúpa B:** 2 fhonn ó liosta 4 fhonn (rogha an mholtóra ar dtús agus ansin rogha an iomaitheora).

**Aoisghrúpa C:** 2 fhonn ó liosta 6 fhonn (rogha an mholtóra ar dtús agus ansin rogha an iomaitheora).

**Aoisghrúpa D:** 2 fhonn ó liosta 8 bhfonn (rogha an mholtóra).

Ní ghlacfar ach le foinn mhalla sa stíl thraidisiúnta.

Ní ghearrfar aon phionós ar iomaitheoir i gComórtas na bhFonn Mall más rud é gur aon uair amháin a sheinnfidh sé nó sí an fonn ó thús deireadh.

13 **Comórtais 23-24: Ceol Beirte / Ceol Trír**

**Aoisghrúpa A agus Aoisghrúpa B:** Port amháin as gach ceann de dhá chatagóir port sa liosta thuas.

**Aoisghrúpa C:** Port amháin as gach ceann de thrí chatagóir port sa liosta thuas.

**Aoisghrúpa D:** Port amháin as gach ceann de cheithre chatagóir port sa liosta thuas.

- Dhá uirlis séise a bheidh i gceist le Ceol Beirte. Dhá uirlis séise éagsúla a bheidh i gceist le Ceol Beirte na Sinsear (Aoisghrúpa D). Ní mór don bheirt séis an phoirt a sheinm i gcónaí.
- Trí uirlis séise a bheidh i gceist le Ceol Trír. Dhá uirlis séise éagsúla ar a laghad a bheidh i gceist le trír i gcatagóir na sinsear (Aoisghrúpa D). Ní mór don trír séis an phoirt a sheinm i gcónaí.
- I gcás Ceol Beirte agus Ceol Trír, ní mór ainmneacha agus seoltaí iomlána gach iomaitheora, agus a gCraobhacha Comhaltais nuair is cuí, a shonrú ar na foirmeacha iontrála. Ní mór an uirlis a bheidh á seinm ag gach iomaitheoir san ensemble a shonrú go soiléir in éineacht le hainm an iomaitheora ar Fhoirm Iontrála Oifigiúil na Fleidhe agus i gCláir na Fleidhe ina dhiaidh sin. Ní mór an uirlis chéanna sin a bheith ag an iomaitheoir sin ag gach Fleadh ina dhiaidh sin an bhliain sin; tar éis do dhuine cáiliú, ní fhéadfar duine éagsúil a chur in ionad an té sin, ná ní fhéadfaidh sé nó sí uirlis dhifriúil a sheinm.

**14 Comórtas 25: Bannaí Céilí**

Idir cúigear agus deichniúr ceoltóirí a bheidh i mBanna Céilí.

**Aoisghrúpa A:** Seinnfidh Bannaí Céilí port amháin as gach ceann de dhá chatagóir port.

**Aoisghrúpa B:** Seinnfidh Bannaí Céilí dhá ríl i ndiaidh a chéile agus port amháin as catagóir amháin eile.

**Aoisghrúpa C:** Seinnfidh Bannaí Céilí dhá ríl i ndiaidh a chéile, agus port amháin as gach ceann de dhá chatagóir port eile.

**Aoisghrúpa D:** I gcás Bannaí Céilí na Sinsear ní mór dóibh dhá ríl a sheinm i ndiaidh a chéile, dhá phort i ndiaidh a chéile agus dhá fhonn ar a mhéid i ndiaidh a chéile ó gach ceann de dhá chatagóir fonn eile .

**15 Comórtas 26: Grúpaí Ceoil**

- Idir ceathrar agus scór ball a bheidh i nGrúpaí Ceoil.
- Seinnfidh gach grúpa a rogha ceoil féin ar feadh idir 6 nóiméad agus 8 nóiméad, agus beidh teorainn 10 nóiméad leis an tréimhse ar an ardán. Féadfar feadairí agus fonnadóirí a chur san áireamh i gcomórtais le haghaidh Grúpaí Ceoil, mar aon le seinnteoirí bodhráin agus cnámh, ach ní cheadaítear an pianó ná na drumaí.
- Ba chóir aird ar leith a thabhairt ar roghnú na bhfonn agus ba cheart iarracht a dhéanamh foinn a sheinm nach poirt, ríleanna agus cornphíopaí iad, mar shampla, foinn mhalla, rincí seit, máirseálacha, flaingeanna, masúrcaí, polcaí, sleamhnáin, schottische, plancstaithe, rincí sciobóil, máirseálacha clainne, ceol cláirsí agus válsaí srl. ionas go mbeidh an ceol chomh héagsúil agus is féidir. Ní gá gur ceoltóir aonair a sheinnfidh na foinn mhalla.
- Ní mór an clár a chuirfidh gach Grúpa Ceoil i láthair a bheith ag teacht le stíl thraidisiúnta na hÉireann.
- Ní mór do gach Grúpa Ceoil, mar chuid dá chlár, fonn rince amháin ar a laghad a sheinm, agus é á sheinm uair amháin ar a laghad le chéile ag gach ball den ghrúpa a bhíonn ag seinm ar uirlisí séiseacha.
- Seinnfidh an grúpa ceol dá rogha féin ar feadh idir 6 agus 8 nóiméad. Bainfear 2 mharc as gach nóiméad nó cuid de nóiméad de bhreis ar 8 nóiméad nó níos lú ná 6 nóiméad mar a chinnfidh an moltóir.
- Ba cheart aird a thabhairt freisin ar chóirithe ceoil uirlise agus cur i láthair an cheoil.
- Cuirfidh ceannaire gach grúpa liosta na bpíosaí ceoil san ord ina bhfuil siad le seinm, mar shampla, port luascach, máirseáil, srl. agus liosta na n-uirlisí faoi bhráid chléireach an chomórtais roimh an léiriú.

**16 Comórtais 27-30: Bannaí Máirseála / Marching Bands**

**Comórtas 27** Bannaí Máirseála, Cairdín / Accordion Marching Bands **faoi 18 agus os cionn 18 (F & D)**

**Comórtas 28** Bannaí Máirseála, Feadóg Mhór / Flute Marching Bands **faoi 18 agus os cionn 18 (F & D)**

**Comórtas 29** Bannaí Máirseála, Rogha Gléas / Miscellaneous Marching Bands **(F & D)**

**Comórtas 30** Bannaí Máirseála, Píb – Pipe Marching Bands **Aois ar bith (E)**

*Tabhair faoi deara na catagóirí aoise a bhfuil feidhm acu sna comórtais seo.*

Ní mór do gach banna dhá mháirseáil ar a laghad a sheinm, chomh maith le rogha ón liosta na gcatagóirí fonn ar leathanach 5. Idir 10 nóiméad (íostréimhse) agus 12 nóiméad (uastréimhse) a bheidh acu. Bainfear dhá mharc as gach nóiméad nó cuid de nóiméad faoi 10 nóiméad nó thar 12 nóiméad. Beidh na bannaí ag seinm i limistéar 40 x 20 méadar amuigh faoin spéir.

17 **Comórtais 31–34: Amhránaíocht / Traditional Singing**

**Aoisghrúpa A:** Rogha dhá amhrán – ceann mall agus ceann mear.

**Aoisghrúpa B agus C:** Dhá amhrán ó liosta de cheithre amhrán a cuireadh isteach (dhá cheann mhalla agus dhá cheann mheara).

- Rogha an mholtóra a bheidh sa chéad amhrán agus is é nó í an t-iomaitheoir a roghnóidh an dara hamhrán (mall nó mear, ag brath ar an gcéad rogha).

**Aoisghrúpa D:** Dhá amhrán ó liosta de shé cinn a chuirfear isteach (4 cinn mhalla agus 2 cheann mheara).

- Rogha an mholtóra a bheidh sa chéad amhrán agus is é nó í an t-iomaitheoir a roghnóidh an dara hamhrán (mall nó mear, ag brath ar an gcéad rogha). Ní mór go gcuirfí in iúl go soiléir sna liostaí cé na hamhráin atá mear.

18 **Comórtas 35 agus Comórtas 36: Feadaíl agus Portaireacht**

**Aoisghrúpa A agus B:** Port amháin as gach ceann de dhá chatagóir port sa liosta thuas ***(Riail 7)***

**Aoisghrúpa C:** Port amháin as gach ceann de thrí chatagóir port sa liosta thuas.

**Aoisghrúpa D:** Port amháin as gach ceann de cheithre chatagóir port sa liosta thuas.

19 **ATHGHLAOCH: Ní cheadaítear daoine a bheith ar aon chéim sa chéad áit, sa dara háit ná sa tríú háit.**

- Féadfaidh moltóir iomaitheoir a **athghlaoch** chun cur i láthair eile a dhéanamh. Má dhéantar ceoltóir nó ceoltóirí a athghlaoch i gcomhair ceol aonair, ceol beirte nó ceol trír, ní mór píosa nua amháin roghnaithe ag an iomaitheoir féin a sheinm.
- Ceangaltais i gcás athghlaoch Bannaí Céilí: Aoisghrúpa A agus Aoisghrúpa B: píosa nua amháin, C agus D dhá ríl nua i ndiaidh a chéile.
- In Amhránaíocht agus Singing, i gcás gach aoisghrúpa, ní mór don amhránaí a dhéanfar a athghlaoch amhrán nua amháin dá rogha féin a chasadh.
- Ní mór do na hiomaitheoirí a dhéanfar a athghlaoch a bheith i láthair laistigh de 30 nóiméad.
- Mura mbeidh siad ann faoi am sin, caillfidh siad a mbuntáiste.
- Nuair atá moltóirí scartha óna chéile déanfaidh gach moltóir marcáil aonair ar a b(h)ileog moltóireachta féin. Déanfar sumiú ar na marcanna go léir ó ghach moltóir agus tiomsófar an toradh deiridh ar bhonn chóras aitheanta na bpointí: (11, 7, 5, 4, 3, 2, 1). Má tharlaíonn sé go bhfuil iomaitheoirí ar aon chéim tiocfaidh an socrú seo a leanas I bhfeidhm: Tógfaidh an Maor Ghlao / Cléireach san áireamh na bannaí atá curtha sa chéad, sa dara agus sa tríú háit ag gach moltóir agus déanfaidh said suimiú ar na marcanna is is airde atá aimsithe ag na bannaí atá ar aon chéim chun teacht ar thoradh soiléir agus cinniúnach chun go mbeadh an seans is lú ann go ndéantar athghlaoch ar bannaí. (Beidh cinneadh aontaithe ag tromlach na moltóirí i bhfeidhm i gcónaí: Má tá triúr moltóir beidh tromlach ar a laghad 2:1 ag taisteáíl agus tromlach 3:2 ag taisteáil má tá cúig moltóir ann.)
- Sa chás go bhfuil bannaí fós ar aon chéim beidh ar na bannaí seinm arís de réir na treoracha thuasluaite.

**20** **Comórtais 37, 38 agus 39: Amhráin Nuacheaptha, Newly Composed Songs agus Píosaí Ceoil Nuacheaptha, Aoisghrúpa: Aois ar Bith (E)**

- Ní mór nár cuireadh an píosa ceoil nó an t-amhrán isteach ar aon chomórtas Fleidhe Ceoil roimhe seo, agus ní mór nach ndearnadh é a thaifeadadh ná a fhoilsiú ar bhonn tráchtála.
- Ní mór cónaí a bheith ar an gcumadóir nó na cumadóirí sa chontae nó sa réigiún inar cuireadh an t-amhrán nó an píosa ceoil isteach.
- Ní mór an píosa ceoil nuacheaptha a bheith ag teacht leis an stíl thraidisiúnta agus ní mór dó a bheith sna catagóirí fonn atá leagtha síos do chomórtais Fleidhe Ceoil.
- Ní mór cóip scríofa den phíosa ceoil, sa chliathnodaireacht amháin, a chur isteach leis an bhfoirm iontrála ar a laghad sé seachtain roimh an gcéad lá den Fhleadh Chontae nó den Fhleadh Réigiúnach. Ní mór don Rúnaí Craoibhe CCÉ na hiontrálacha seo a chur ar aghaidh go dtí an Rúnaí Chontae ar a laghad cúig seachtain roimh an gcéad lá den Fhleadh Chontae nó den Fhleadh Réigiúnach. Ní ghlacfar ach le leagan bunaidh sin an phíosa ceoil, mar a cuireadh isteach leis an bhfoirm iontrála é, le linn an léirithe. Is é sin le rá nach nglacfar le hathruithe ar bith más rud é go gcáileoidh an píosa ceoil nó an t-amhrán le haghaidh Fleadh Chúige nó Fleadh na hÉireann ina dhiaidh sin. Ní mór an leagan bunaidh a sheinm ag an gcomórtas nó na comórtais ina dhiaidh sin má cháilíonn an píosa ceoil.
- Seinnfear an píosa ceoil nuacheaptha ó thús go deireadh faoi dhó. An chéad uair, ní cheadaítear ach leagan bunaidh an phíosa ceoil a sheinm, mar a cuireadh isteach leis an bhfoirm iontrála é; an dara huair, áfach, féadfar breachnú a dhéanamh air. Ní mór luas mall nó luas mear a bheith ag an amhrán nuacheaptha mar atá sainmhínithe cheana. Ní mór gur ceoltóir aonair a sheinnfidh an píosa ceoil, nó gur amhránaí gan tionlacan a chasfaidh an t-amhrán. Féadfaidh an cumadóir nó na cumadóirí ceoltóir nó amhránaí a ainmniú chun an píosa ceoil a sheinm nó an t-amhrán a chasadh, agus féadfaidh cónaí a bheith ar an té sin lasmuigh de chontae nó réigiún na hiontrála bunaidh.
- Déanfar moltóireacht ar an bpíosa ceoil nó ar an amhrán ar bhonn thuillteanas an phíosa amháin agus ní ar chaighdeán na seanma ná na hamhránaíochta.
- Ní mór ainm agus seoladh iomlán an chumadóra nó na gcumadóirí a scríobh ar an mbileog ina bhfuil an chliathnodaireacht nó liricí an amhráin. Cuirfear cóip de na liricí agus den phíosa ceoil nuacheaptha, mar aon le torthaí na fleidhe, chuig an bhFleadh Chúige chuí agus chuig Fleadh Cheoil na hÉireann má théann an píosa ceoil ar aghaidh chomh fada leo.

**21 Comórtais 40-43: Rince Céilí**

*Rince Ochtair na mBan, Rince Ochtair Measctha, Rince Ceathrair na mBan, Rince Ceathrair Measctha, Aoisghrúpaí A, B, C agus D.*

**Ní fhéadfaidh na hiomaitheoirí rince ar bith a chur i láthair seachas Rincí Céilí Ceathrair nó Ochtair ón leabhar *Ár Rincí Céilí* (Eagrán Mheán Fómhair 2015) agus nuashonruithe a dhéanfar ina dhiaidh sin sa lámhleabhar Rince Céilí arna eisiúint ag an gCoimisiún le Rincí Gaelacha.**

**I IONTRÁLACHA:**

**Comhaltaí de chuid CCÉ:** ní mór ainmneacha an ochtair don Rince Céilí Ochtair agus an cheathrair don Rince Céilí Ceathrair, agus iad i nGaeilge más féidir é, mar aon leis an táille iontrála chuí, a chur faoi bhráid Rúnaí Craoibhe CCÉ tráth nach déanaí ná sé seachtaine roimh an gcéad lá de chomórtais na Fleidhe. Cuirfidh Rúnaí Craoibhe CCÉ na hiontrálacha sin faoi bhráid an Rúnaí Contae tráth nach déanaí ná cúig seachtaine roimh an gcéad lá de chomórtais na Fleidhe.

**Daoine nach bhfuil ina gcomhaltaí de chuid CCÉ:** ní mór ainmneacha an ochtair, agus iad i nGaeilge más féidir é, a sheoladh leis na táillí cuí chuig an Rúnaí Contae sé seachtaine roimh an bhFleadh Cheoil.

Ní ghlacfar le hiontrálacha déanacha i ndiaidh an spriocdháta.

**II CATAGÓIRÍ AOISE:**

**(A) Faoi 12:** duine a shlánóidh 12 bhliain nó aois níos lú ar aon dáta i rith na bliana ina bhfuil comórtais na bhFleadhanna Ceoil ar siúl.

**(B) 12-15:** duine a shlánóidh 13, 14 nó 15 bliana ar aon dáta i rith na bliana ina bhfuil comórtais na bhFleadhanna Ceoil ar siúl.

**(C) 15 / 18:** duine a shlánóidh 16, 17 nó 18 mbliana ar aon dáta i rith na bliana ina bhfuil comórtais na bhFleadhanna Ceoil ar siúl.

**(D) Os cionn 18:** duine a shlánóidh 19 mbliana nó aois níos mó ar aon dáta i rith na bliana ina bhfuil comórtais na bhFleadhanna Ceoil ar siúl.

**TABHAIR FAOI DEARA:** I gcás díospóide, ní mór teastas aoise a thabhairt ar aird laistigh de 7 lá den chomórtas, ar iarraidh ón Rúnaí Contae / Réigiúnach / Cúige nó Rúnaí na hArdchomhairle. Mura dtaispeánfar an teastas aoise cuí, dícháileofar an t-iomaitheoir sin.

**III** Ní mór ceathrar fear agus ceathrar ban a bheith ar na Foirne Measctha Rince Céilí Ochtair sna catagóirí 12-15, 15-18 agus sna Sinsir agus beirt fhear agus beirt bhan a bheith ar na Foirne Measctha Rince Céilí Ceathrair.

**IV** Chomh fada agus is féidir é sa chatagóir faoi 12, ba chóir ceathrar buachaillí agus ceathrar cailíní a bheith ar na Foirne Measctha Rince Céilí Ochtair, ach ní mór triúr buachaillí ar a laghad a bheith ar na Foirne Measctha Rince Céilí Ochtair agus buachaill amháin ar a laghad ar na Foirne Measctha Rince Céilí Ceathrair faoi 12.

**V** Sa Rince Céilí, féadfaidh beirt rinceoirí ar a mhéid sa Rince Ochtair agus aon rinceoir amháin ar a mhéid sa Rince Ceathrair a bheith ag rince san aoisghrúpa díreach os cionn a gceann féin, cibé an raibh siad ag rince ina n-aoisghrúpa féin nó nach raibh. Is é sin, féadfaidh beirt rinceoirí

sa Rince Ochtair agus aon rinceoir amháin sa Rince Ceathrair faoi 12 dul ag rince sa chatagóir 12-15 ach ní fhéadfaidh siad dul sa chatagóir 15-18. Tá feidhm ag an riail chéanna i gcás 12-15, 15-18 agus na sinsear.

**VI** Ní fhéadfaidh iomaitheoir ar bith a bheith ag rince i níos mó ná aon chomórtas amháin. Is é sin le rá nach bhféadfaidh rinceoir ar bith dul san iomaíocht le dhá fhoireann éagsúla sa chomórtas céanna, ná sa chomórtas céanna i mbreis agus contae, réigiún nó cúige amháin.

**VII** **IONADÚ:** Féadfar rinceoir eile a chur in ionad beirt rinceoirí ar a mhéid i gcás Rince Céilí Ochtair agus rinceoir amháin ar a mhéid i gcás Rince Céilí Ceathrair sa chéad bhabhta agus i ngach babhta den chomórtas ina dhiaidh sin. Tá feidhm aige sin freisin maidir le buaiteoirí i gComórtais Sinsear na hÉireann a cháilíonn sa ghnáthchúrsa le haghaidh Fhleadh na hÉireann an bhliain dár gcionn. I gcás ina ndéanfar foireann rinceoirí a athghlaoch, ní fhéadfar aon ionadú breise a dhéanamh.

**VIII** **ATHGHLAOCH:** Tá feidhm ag an méid seo a leanas: Faoi 12, 12-15, 15-18 agus na Sinsir. Ní mór croí-rince agus figiúr nua amháin den rince céanna a rince (ceann nár chuir an fhoireann i láthair sa chomórtas roimhe sin.) Ní mór gurb iad na rinceoirí céanna a bheidh ag rince sa chás ina ndéanfar iad a athghlaoch agus níl cead aon duine eile a chur ina n-áit sa chás sin. Ní mór do na hiomaitheoirí a dhéanfar a athghlaoch a bheith i láthair laistigh de 30 nóiméad. Mura mbeidh siad ann faoi am sin, caillfidh siad a mbuntáiste.

**IX** Ní bheidh dhá Rince Ceathrair incháilithe don Chomórtas Rince Ochtair.

**X** Buailfidh na moltóirí cloigín lena chur in iúl go bhfuil a ndóthain den rince feicthe acu. Moltar do na hiomaitheoirí cleachtadh iomlán a bheith déanta acu ar an rince atá roghnaithe acu.

**XI** Cód gléasta simplí cuí atá i bhfeidhm: ní cheadaítear cultacha na scoileanna rince a chaitheamh; ní cheadaítear folt bréige rince a chaitheamh; ní cheadaítear iarainn bróige ná bróga ardaithe a chaitheamh.

**XII** Ní cheadaítear máirseáil suas ar an ardán ná anuas uaidh le tionlacan ceoil.

**XIII** Is faoi na moltóirí atá an cinneadh deiridh.

**XIV** Roimh an gcomórtas, ní mór do bhainisteoirí / meantóirí / múinteoirí na bhfoirne rince céilí clárú i scríbhinn a dhéanamh ar ainm an rince agus na rinceoirí, chomh maith le sonraí aoise agus sonraí ionadaíochta ar lá na gcomórtas.

**XV** Níl cead ag bainisteoirí, meantóirí, múinteoirí srl. na foirne a chur faoi oiliúint agus iad ar an ardán.

**XVI** Tá cead ag bainisteoirí, meantóirí, agus múinteoirí cumarsáid a dhéanamh leis na ceoltóirí roimh an léiriú ar an ardán.

**XVII** Buaiteoirí os cionn 18 (D) sa Rince Céilí: Ina gcás siúd a bhí páirteach i gcomórtais na mBan agus sna comórtais Mheasctha ag Fleadh Cheoil na hÉireann an bhliain roimhe sin, **níl siad incháilithe** chun dul san iomaíocht sa chomórtas céanna ag Fleadh Chontae / Réigiúnach ná Fleadh Chúige.

**XVIII** Is é an coiste eagrúcháin atá freagrach as an tionlacan ceoil a chur ar fáil Ní mór do gach foireann rince leis an gceol a sheinnfear. Uirlisí fuaimiúla amháin a cheadaítear i mbun tionlacain – ní cheadaítear aon ghléas leictreonach ar nós meaisíní rithime / druma ná a leithéid. Ní

fhéadfar méarchlár a úsáid ach sa mhód pianó. Ní mór na ceoltóirí a bheith inniúil i dtaobh seanma do gach Rince Céilí agus ní mór na foinn atá leagtha síos a bheith ar a dtoil acu.

**XIX** Ní cheadaítear rince le rianta ceoil réamhthaifeadta sna comórtais rince céilí. Ní mór an tionlacan céanna ceoil a úsáid i gcás na n-iomaitheoirí go léir in aon chomórtas amháin i gcomórtais chéilí.

**XX** Ní cheadaítear leas a bhaint as córais aimplithe / córais fógartha poiblí seachas cinn a sholáthróidh an coiste eagrúcháin.

**XXI** Mura gcloífear leis na rialacha thuas dícháileofar an t-iomaitheoir.

# Comórtais 44-47: Seiteanna Traidisiúnta / Set Dancing

**22 Comórtais 44-47: Seiteanna Traidisiúnta / Set Dancing**

*Rince Seit na mBan (A, B, C, D), Rince Seit Traidisiúnta Measctha (A, B, C, D), Leathsheit Traidisiúnta Measctha (F&D), Seit Measctha (L).*

**Ní cheadaítear d'iomaitheoirí cur i láthair a dhéanamh ach amháin ar Seiteanna agus Leathsheiteanna thraidisiúnta ón liosta oifigiúil atá ceadaithe ag an gCoiste Rince.**

**I IONTRÁLACHA:**

**Comhaltaí de chuid CCÉ:** ní mór ainmneacha an ochtair do na rincí seit agus an cheathrair do na leathsheiteanna, agus iad i nGaeilge más féidir é, mar aon leis an táille iontrála chuí, a chur faoi bhráid Rúnaí Craoibhe CCÉ tráth nach déanaí ná sé seachtaine roimh an gcéad lá de chomórtais na Fleidhe. Cuirfidh Rúnaí Craoibhe CCÉ na hiontrálacha sin faoi bhráid an Rúnaí Contae tráth nach déanaí ná cúig seachtaine roimh an gcéad lá de chomórtais na Fleidhe. Ní ghlacfar le hiontrálacha déanacha i ndiaidh an spriocdháta.

**Daoine nach bhfuil ina gcomhaltaí de chuid CCÉ:** Ní mór foirmeacha iontrála ina sonrófar ainmneacha an ochtair do na rincí seit agus an cheathrair do na leathsheiteanna, mar aon leis na táillí iontrála cuí, a chur faoi bhráid an Rúnaí Contae sé seachtain roimh an bhFleadh Cheoil.

**II CATAGÓIRÍ AOISE:**

**(A) Faoi 12:** duine a shlánóidh 12 bhliain nó aois níos lú ar aon dáta i rith na bliana ina bhfuil comórtais na bhFleadhanna Ceoil ar siúl.

**(B) 12-15:** duine a shlánóidh 13, 14 nó 15 bliana ar aon dáta i rith na bliana ina bhfuil comórtais na bhFleadhanna Ceoil ar siúl.

**(C) 15 / 18:** duine a shlánóidh 16, 17 nó 18 mbliana ar aon dáta i rith na bliana ina bhfuil comórtais na bhFleadhanna Ceoil ar siúl.

**(D) Os cionn 18:** duine a shlánóidh 19 mbliana nó aois níos mó ar aon dáta i rith na bliana ina bhfuil comórtais na bhFleadhanna Ceoil ar siúl.

**(F) Faoi 18:** duine a shlánóidh 18 mbliana nó aois níos lú ar aon dáta i rith na bliana ina bhfuil comórtais na bhFleadhanna Ceoil ar siúl.

**(L) Baineann Aoisghrúpa L** le Comórtas 47L amháin – Seit Measctha os cionn 35.

**TABHAIR FAOI DEARA:** I gcás díospóide, ní mór teastas aoise a thabhairt ar aird laistigh de 7 lá den chomórtas, ar iarraidh ón Rúnaí Contae / Réigiúnach / Cúige nó Rúnaí na hArdchomhairle. Mura dtaispeánfar an teastas aoise cuí, dícháileofar an t-iomaitheoir sin.

**III** Ní mór ceathrar fear agus ceathrar ban a bheith ar na Foirne Measctha don Rince Seit sna catagóirí 12-15, 15-18 agus i gcatagóir na Sinsear, agus beirt fhear agus beirt bhan a bheith ar na Foirne Measctha don Leathsheit.

**IV** Chomh fada agus is féidir é sa chatagóir faoi 12, ba chóir ceathrar buachaillí agus ceathrar cailíní a bheith ar na Foirne Rince don Rince Seit Measctha ach ba chóir triúr buachaillí ar a laghad a bheith ar na foirne i gcás Rince Seit.

**V** Féadfaidh beirt rinceoirí ar a mhéid sa rince seit agus aon rinceoir amháin ar a mhéid sa leathsheit a bheith ag rince san aoisghrúpa díreach os cionn a gceann féin, cibé an raibh siad ag rince ina n-aoisghrúpa féin nó nach raibh. Is é sin, féadfaidh beirt rinceoirí ar fhoirne rince seit faoi 12 dul ag rince sa chatagóir 12-15 ach ní fhéadfaidh siad dul sa chatagóir 15-18. Is é an rud céanna atá amhlaidh sna catagóirí 12-15, 15-18 agus i gcatagóir na Sinsear. Sa Seit Measctha thar 35, ní mór do gach rinceoir a bheith os cionn 35 bliana d'aois.

**VI** Ní fhéadfaidh iomaitheoir ar bith a bheith ag rince i níos mó ná aon chomórtas amháin. Is é sin le rá nach bhféadfaidh rinceoir ar bith dul san iomaíocht le dhá fhoireann éagsúla sa chomórtas céanna, ná sa chomórtas céanna i mbreis agus contae / réigiún / cúige amháin.

**VII** **IONADÚ:** Féadfar rinceoir eile a chur in ionad beirt rinceoirí ar a mhéid i gcás rince seit agus rinceoir amháin ar a mhéid i gcás leathsheit sa chéad bhabhta agus i ngach babhta den chomórtas ina dhiaidh sin. Tá feidhm aige sin freisin maidir le buaiteoirí i gComórtais Sinsear [and O-35 ] na hÉireann a cháilíonn sa ghnáthchúrsa le haghaidh Fhleadh na hÉireann an bhliain dár gcionn. I gcás ina ndéanfar foireann rinceoirí a athghlaoch, ní fhéadfar aon ionadú breise a dhéanamh.

**VIII** **CODANNA:** Ní mór do na hiomaitheoirí i gcomórtais rince seit na sinsear agus sna comórtais rince seit os cionn 35 bliain trí chuid de sheit nó leathsheit traidisiúnta a rince. Iad féin a roghnóidh dhá cheann de na codanna, agus roghnóidh an moltóir cuid amháin tráth gach léirithe. I gcás na n-iomaitheoirí i gcomórtais seiteanna agus leathsheiteanna na sóisear, ní mór dóibh dhá chuid de sheit traidisiúnta a rince.

**IX** **AN MHOLTÓIREACHT:** I gcás nach mbeidh na moltóirí ina suí le chéile, marcálfaidh siad a mbileoga moltóireachta astu féin agus tiomsófar an toradh deiridh ar bhonn chóras na bpointí atá i bhfeidhm faoi láthair (11, 7, 5, 4, 3, 2, 1,).

I gcás an líon céanna pointí a bheith ag níos mó ná duine nó foireann amháin, beidh feidhm ag an méid seo a leanas: Féachfaidh an maor / cléireach ar an rangú atá tugtha do na hiomaitheoirí ag na moltóirí cuí cheana féin, agus glacfaidh sé nó sí an scór foriomlán is airde as an rangú is airde atá tugtha ag an tromlach cheana féin i gcomórtas ábhartha do na foirne atá ar comhscór, d'fhonn toradh deiridh soiléir a ríomh agus ionas go mbeidh ar a laghad foirne is féidir ag dul i mbun ceoil nó rince arís. (Beidh feidhm ag an gcinneadh tromlaigh i gcónaí: i gcás triúr agus cúigear moltóirí, beidh feidhm ag cinneadh tromlaigh 2:1 agus ar a laghad 3:2 faoi seach).

I gcás foirne a bheith fós ar comhscór, iarrfar ar na foirne dul i mbun rince arís mar atá sonraithe i dtaobh athghlaoch ag (x) thíos.

**X** **ATHGHLAOCH:** Faoi 12, 12-15 agus 15-18: Cuid nua amháin (nár chuir an fhoireann i láthair sa chomórtas roimhe sin.)

Na Sinsir agus Os Cionn 35: Cuid nua amháin (nár chuir an fhoireann i láthair sa chomórtas roimhe sin.) Más rud é gur roghnaigh foireann seit nach bhfuil ann ach trí chuid, ní mór di cuid nua amháin ó sheit difriúil a rince.

Ní mór gurb iad na rinceoirí céanna a bheidh ag rince sa chás ina ndéanfar iad a athghlaoch agus níl cead aon duine eile a chur ina n-áit sa chás sin. Ní mór do na hiomaitheoirí a dhéanfar a athghlaoch a bheith i láthair laistigh de 30 nóiméad. Mura mbeidh siad ann faoi am sin, caillfidh siad a mbuntáiste.

**XI** Cé go bhféadfaidh iomaitheoirí sa chomórtas rince seit a bheith ag rince freisin sa chomórtas leathsheit agus a mhalairt, ní ghlacfar ach le leathsheiteanna traidisiúnta aitheanta, (ón liosta atá ceadaithe ag an gCoiste Rince) mar shampla, Leathsheit Loch Garman, Leathsheit Gaillimh Thoir srl. Ní cheadaítear seit iomlán aitheanta a oiriúnú ná a athchóiriú ionas gur leathsheit é.

**XV** Roimh an gcomórtas, ní mór do bhainisteoirí / meantóirí / múinteoirí na bhfoirne rince seit clárú i scríbhinn a dhéanamh ar ainm an rince agus na rinceoirí, chomh maith le sonraí aoise sonraí ionadaíochta agus codanna na seiteanna a bheidh á rince ar an lá.

**XIII** Ní mór an rince a chur i gcrích ag deireadh na coda aitheanta.

Cód gléasta simplí cuí atá i bhfeidhm: ní cheadaítear cultacha na scoileanna rince a chaitheamh. Ní cheadaítear folt bréige rince a chaitheamh; ní cheadaítear iarainn bróige ná bróga ardaithe a chaitheamh.

**XIV** Ní cheadaítear máirseáil suas ar an ardán ná anuas uaidh le tionlacan ceoil.

**XV** Is faoi na moltóirí atá an cinneadh deiridh.

**XVI** Níl cead ag bainisteoirí, meantóirí ná múinteoirí na foirne a chur faoi oiliúint agus iad ar an ardán.

**XVII** Tá cead ag bainisteoirí, meantóirí, agus múinteoirí cumarsáid a dhéanamh leis na ceoltóirí roimh an léiriú ar an ardán.

**XVIII** Buaiteoirí sa Rince Seit os cionn 18 (D): Ina gcás siúd a bhí páirteach i gcomórtais na mBan agus sna comórtais Mheasctha [, half-sets and O-35s ] ag Fleadh Cheoil na hÉireann an bhliain roimhe sin, **níl siad incháilithe** chun dul san iomaíocht sa chomórtas céanna ag Fleadh Chontae / Réigiúnach ná Fleadh Chúige.

**XIX** Ní mór do na foirne a gcuid ceol beo féin a sholáthar. Uirlisí fuaimiúla amháin a cheadaítear i mbun tionlacain. Ní cheadaítear aon ghléas leictreonach ar nós meaisíní rithime / druma ná a leithéid. Ní fhéadfar méarchlár a úsáid ach sa mhód pianó. Ní cheadaítear leas a bhaint as córais aimplithe / córais fógartha poiblí seachas cinn a sholáthróidh an coiste eagrúcháin.

**XX** Ní cheadaítear rince le rianta ceoil réamhthaifeadta sna comórtais rince seit.

**XXI** Deich lá roimh an gcomórtas, tabharfar do na moltóirí ainmneacha na seiteanna a **bhféadfar** iad a rince.

**XXII** Mura gcloífear leis na rialacha thuas thuas dícháileofar an t-iomaitheoir.

**23 Comórtas 48: Rince ar an Sean Nós**

**I** Tá an comórtas seo beartaithe i gcomhair Rince ar an Sean Nós sa Stíl Thraidisiúnta.

**II** Tá na comórtais oscailte do dhaoine nach comhaltaí den Chomhaltas iad agus do na comhaltaí araon.

**CATAGÓIRÍ AOISE:**

**(A) Faoi 12:** duine a shlánóidh 12 bhliain nó aois níos lú ar aon dáta i rith na bliana ina bhfuil comórtais na bhFleadhanna Ceoil ar siúl.

**(B) 12-15:** duine a shlánóidh 13, 14 nó 15 bliana ar aon dáta i rith na bliana ina bhfuil comórtais na bhFleadhanna Ceoil ar siúl.

**(C) 15-18:** duine a shlánóidh 16, 17 nó 18 mbliana ar aon dáta i rith na bliana ina bhfuil comórtais na bhFleadhanna Ceoil ar siúl.

**(D) Os cionn 18:** duine a shlánóidh 19 mbliana nó aois níos mó ar aon dáta i rith na bliana ina bhfuil comórtais na bhFleadhanna Ceoil ar siúl.

**TABHAIR FAOI DEARA:** I gcás díospóide, ní mór teastas aoise a thabhairt ar aird laistigh de 7 lá den chomórtas, ar iarraidh ón Rúnaí Contae / Réigiúnach / Cúige nó Rúnaí na hArdchomhairle. Mura dtaispeánfar an teastas aoise cuí, dícháileofar an t-iomaitheoir sin.

**III** Luas amháin rince a roghnóidh an t-iomaitheoir féin (ní féidir dul thar trí nóiméad). Ní mór don iomaitheoir cloí le rithim amháin, m sh.ní ceadaítear port-rí nó cornphíopa-ríl.

**IV** Ní cheadaítear iarainn bróige ná bróga ardaithe a chaitheamh.

**V** Ní cheadaítear leas a bhaint as frapaí stáitse.

**VI** Is é an Coiste eagrúcháin atá freagrach as an tionlacan ceoil a sholáthar. Ní mór do gach foireann rince leis an gceol a sheinnfear. Ní cheadaítear aon ghléas leictreonach ar nós meaisíní rithime / druma ná a leithéid. Ní fhéadfar méarchlár a úsáid ach sa mhód pianó.

**VII** Ní cheadaítear rince le rianta ceoil réamhthaifeadta sa chomórtas Rince ar an Sean Nós.

**VIII** Ní mór an tionlacan céanna ceoil a úsáid i gcás na n-iomaitheoirí go léir in aon chomórtas amháin i gcomórtais rince ar an sean nós.

**IX** Ní cheadaítear leas a bhaint as córais aimplithe / córais fógartha poiblí seachas cinn a sholáthróidh an coiste eagrúcháin.

**X** Is faoi na moltóirí atá an cinneadh deiridh.

**XI** Mura gcloífear leis na rialacha thuas dícháileofar an t-iomaitheoir.

**XII** Ina gcás siúd a bhuaigh an Comórtas Rince ar an Seán Nós os cionn 18 (Grád D) ag Fleadh Cheoil na hÉireann an bhliain roimhe sin, **níl siad incháilithe** chun dul san iomaíocht sa chomórtas céanna sa Fhleadh Chontae / Réigiúnach nó sa Fhleadh Chúige.

**24 Mar is amhlaidh i gcás comórtais oifigiúla na bhFleadhanna Ceoil, seachas Comhrá Gaeilge, tá feidhm ag an méid seo a leanas maidir le rince céilí, rince seit agus rince ar an sean-nós:**

Rachaidh siad siúd a bhuafaidh an Chéad Duais agus an Dara Duais ar aghaidh ó Fhleadhanna Contae / Réigiúnacha chuig na Fleadhanna Cúige, agus ó na Fleadhanna Cúige go dtí Fleadh Cheoil na hÉireann, sa bhliain chéanna, mar aon le hiomaitheoir amháin eile ar a mhéid i ngach comórtas, má tá an moltóir deimhin gur bhain na hiomaitheoirí amach caighdeán sách ard sa ghrád cuí.

25 **Comórtas 49: Comhrá Gaeilge**

**Aoisghrúpaí:** Faoi 9, 9-11, 11-13, 13-15 agus 15-18

*Iontráil agus incháilitheacht srl. mar atá leagtha amach ar leathanaigh 1-2*

**I** Tá an comórtas dírithe ar chomhrá Gaeilge.

**II** Rachaidh cúigear buaiteoirí ar aghaidh ó Fhleadhanna Contae (Réigiúnacha) go dtí Fleadhanna Cúige agus rachaidh cúigear buaiteoirí ar aghaidh ó Fhleadhanna Cúige chuig Fleadh na hÉireann i ngach aoisghrúpa. Bronntar an chéad duais, an dara duais agus an tríú duais ag Fleadh na hÉireann. Ní mór marc céatadáin a thaispeáint ar bhileog marcanna gach iomaitheora.

**III** **AN COMÓRTAS:**

Déantar na hiomaitheoirí a mheas sna catagóirí seo a leanas:

- Cruinneas agus Líofacht; 55
- Eolas; 25
- Dán nó Scéal; 20 (**Ní leor** amhrán a chasadh in ionad dán nó scéal a rá)

**TABHAIR FAOI DEARA:** Déantar moltóireacht ar an rannóg 'Eolas' mar seo a leanas:

**Iomaitheoirí faoi 9** Beifear ag súil go mbeidh eolas faoin gComhaltas ag gach iomaitheoir.

**Iomaitheoirí faoi 11 agus faoi 13** Beifear ag súil go mbeidh eolas faoin gComhaltas agus Cumann Lúthchleas Gael ag gach iomaitheoir.

**Iomaitheoirí faoi 15 agus faoi 18** Beifear ag súil go mbeidh eolas faoin gComhaltas, Cumann Lúthchleas Gael, Conradh na Gaeilge, Glór na nGael, Raidió na Gaeltachta, TG4 agus Údarás na Gaeltachta ag gach iomaitheoir.

I gcás an Chomhaltais, leagfar an bhéim ar ghníomhaíocht an Chomhaltais sa cheantar.

**IV** **FAD AMA:** Seo a leanas an fad ama a thabharfar do gach iomaitheoir: lena n-áirítear an dán nó scéal, nach dtógfaidh níos mó ná 2 nóiméad.

Faoi 9: 6-7 nóiméad

9-11: 6-7 nóiméad

11-13: 9-10 nóiméad

13-15: 9-10 nóiméad

15-18: 11-12 nóiméad

# Storytelling / Scéalaíocht

**26** **Comórtas 50: Scéalaíocht / Storytelling (Béarla): Treoirlínte do chomórtas scéalaíochta**

**Scéalaíocht:** Is ealaín béil atá sa scéalaiocht seachas ealaín físeach. Braitheann insint scéile ar guth an scéalái. Úsáidtear rithim, ardú agus ísliú gutha, imeartas focal agus frásaí ar leith chun an scéal a insint. Ní bhaintear leas as gluaiseachtaí nó feisteas atá drámatúil. Ba chóir don scéalaí fanacht in a seasamh nó in a suí gan mórán gluaiseacht thart seachas gluaiseachtaí láímhe nó gothaí gnúise.

Ní aithiriseoireacht nó véarsaíocht atá sa scéalaíocht. Moltar d'iomaitheoirí glacadh leis an scéalaí thraidisiúnta ag suí cois tine ag insint scéal dá chomharsana mar shampla a léiríonn céard is scéalaíocht thraidisiúnta ann.

**Cuspóir:** Suim a mhúscailt i sean ealaín na scéalaíochta i measc comhaltaí óg an Comhaltais agus caighdeán maith a chothú maidir le cur i láthair agus roghnú scéil. Chun an caighdeán céanna a chothú sa réimse scéalaíochta is atá bainte amach sna réimsí ceoil agus amhránaíochta.

**An Scéal:** Caithfidh saintréithe Éireannacha a bheith léirithe sa scéal. Ba choir go mbeadh an scéal curtha i láihair I stíl agus I gcanúint loganta. Tá fáilte roimh iomaitheoirí nach bhfuil canúint Éireannach acu fhad is a bhfuil saintréíthe Éireannacha léirithe ag an scéal atá á insint acu. Is féidir téama drámatúil, greannmhar (nó meascán de dhráma agus greann) stairiúil nó nua-aimseartha a bheith sa scéal.

**Fad an scéil don chomórtas:** Le aghaidh ar sceidealú comórtais tuigtear do nglacfar le fad ama idir 4 agus 8 nóiméad chun an scéal a insint. (Tabhair faoi ndearadh an athrú fad ama le haghaidh treoirlínte 2020). Gearrfar píonós ar iomaitheoirí a sháraíonn an teorann ama.

**Critéir Moltóireachta**

**Scéal:** insint soiléir curtha trasna ag an scéalaí. Eachtraí, carachtair, suíomhanna forbartha go maith agus cur síos cruthaitheach déanta orthu. Is fearr véarsaíocht agus aithiriseoireacht a sheachaint.

**Insint:** Tagann stíl pearsanta agus pearsantacht an scéalaí féin trasna. Coinníonn an scéalaí suim an lucht éisteachta le rithim cainte nádúrtha agus greann nó mothúcháin a spreagadh iontu mar is chóir.

Léiriu agus / nó úrmhaireacht. Tá fáilte roimh sean scéalta agus scéalta nua agus is féidir téama ar bith a bheith sa scéal ach saintréithe Éireannacha a bheith á léiriú.

**Príomh ábhair breithniúcháin:**

- Ar éirigh go maith leis an scéalaí an scéal a chur trasna go dtí an lucht féachana?
- An ndearnadh athshamhlú nó insint cruthaitheach ar sean scéal?
- An raibh scéal nua-cumtha inste i stíl thraidisiúnta ar ardchaighdeán

Fad– idir 4 agus 8 nóiméad

**Córas Marcála:**

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Cur i láthair agus dáiríreacht an scéalaí | 20% |
| (b) | Soiléire urlabhra agus cruinneas foghraíochta | 40% |
| (c) | Éifeacht iomlán an scéil | 40% |

## 27 Comórtas 51: Scéalaíocht: Treoirlínte do chomórtas scéalaíochta

**Cuspóir:** Suim a mhúscailt i sean ealaín na scéalaíochta sa Ghaeilge agus caighdeán maith a chothú maidir le teanga, cur i láthair agus roghnú scéil.

**Scéalta a roghnú:** Tá réimse leathan i dtraidisiún na scéalaíochta sa Ghaeilge agus ba cheart bhíodh le fáil ins na leabhair scoile, scéalta Aesop, scéalta i dtaobh taibhsí agus púcaí, scéalta i dtaobh carachtair áitiúla agus a lán eile a bheadh oiriúnach don aos óg. Is féidir dul ar aghaidh as san go dtí scéalta ón stair, scéalta faoi laochra agus gaiscígh agus suas go dtí na sean scéalta Fiannaíochta ina bhfuil saibhreas iontach Gaeilge agus caint fhileata. Pé saghas scéil a bheadh i gceist, ón scéilín is simplí go dtí an scéal Fiannaíochta is casta, ba cheart dúinn a bheith ag súil le cruinneas gramadaí agus foghraíochta agus ba cheart go dtabharfaí aird ar seo sa chóras moltóireachta.

**Moltóireacht:**

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Cur i láthair agus dáiríreacht an scéalaí | 20% |
| (b) | Soiléire urlabhra agus cruinneas foghraíochta | 40% |
| (c) | Éifeacht iomlán an scéil | 40% |

**Fad an scéil don chomórtas:** Le aghaidh ar sceidealú comórtais tuigtear do nglacfar le fad ama idir 4 agus 8 nóiméad chun an scéal a insint.

# Na Fleadhanna Ceoil: Struchtúir agus Gnásanna Ginearálta

28 **Fleadh Cheoil:** Is é 'Fleadhanna Ceoil' teideal oifigiúil na bhféilte ceoil atá faoi choimirce aonad de chuid Chomhaltas Ceoltóirí Éireann. Is ag na Fleadhanna Ceoil a chuirtear ar bun comórtais oifigiúla na bhFleadhanna Ceoil, a bhíonn á reáchtáil faoi choimirce Comhaltas Ceoltóirí Éireann.

29 **Cuimsítear sna Fleadhanna Ceoil sin:**

(a) An Fhleadh Chontae (Fleadh Réigiúnach sa Bhreatain)
(b) An Fhleadh Cheoil Chúige
(c) Fleadh Cheoil na hÉireann

30 **Na Fleadhanna Cúige:** Chun cuspóirí na gcomórtas seo reáchtálfar Seacht bhFleadh Cháilitheacha, na 'Fleadhanna Cúige' óna rachaidh iomaitheoirí ag aghaidh go dtí Fleadh Cheoil na hÉireann: Uladh, Mumhan, Laighean, Connacht, an Bhreatain agus dhá cheann i Meiriceá Thuaidh, Fleadh an Atlantaigh Láir agus Fleadh an Mheán-Iarthair.) Féadfar Fleadhanna Cáilitheacha a chur ar bun freisin i cibé áiteanna thar lear a cheadóidh an Ardchomhairle.

31 **Iomaitheoirí ó thíortha lasmuigh de na seacht 'Fleadh Chúige' cháilitheacha:** i gcás iomaitheoirí a bhfuil caighdeán sách ard bainte amach acu, agus a bhfuil gnáthchónaí orthu i dtír nach mbíonn aon Fhleadh cháilitheach ar bun inti, ba chóir dóibh fógra i scríbhinn a sheoladh á chur in iúl gur mian leo dul san iomaíocht ag Fleadh Cheoil na hÉireann tráth nach déanaí ná mí féilire amháin roimh an bhFleadh. Ríomphost:eolas@comhaltas.ie

Seoladh: CCÉ, 32 Cearnóg Belgrave, Baile na Manach, Co. Átha Cliath, A94 XVO2.

32 **Ionaid Chomórtais:** Is faoi dhíon a reáchtálfar gach comórtas ag na Fleadhanna Ceoil, seachas comórtais na mBannaí Máirseála, a bheidh ar siúl i limistéir 40 x 20 méadar amuigh faoin spéir.

33 Tá dianchosc ar **Thaifeadtaí Físe agus Taifeadtaí Fuaime** ar na comórtais, mura bhfuil cead i scríbhinn faighte roimh ré ón Iomaitheoir nó ó Thuismitheoir / Caomhnóir thar ceann an iomaitheora, más rud é go bhfuil sé nó sí faoi 18 mbliana d'aois. Breithneoidh an coiste eagrúcháin, nó duine nó daoine a ainmneoidh an coiste sin, gach iarratas ar thaifeadtaí dá leithéid a dhéanamh.

34 **Buaiteoirí agus Cáiliú i gcomhair na bhFleadhanna Cúige / Fhleadh Cheoil na hÉireann:** Rachaidh siad siúd a bhuafaidh an Chéad Duais agus an Dara Duais ar aghaidh ó Fhleadhanna Contae / Réigiúnacha chuig na Fleadhanna Cúige agus ó na Fleadhanna Cúige go dtí Fleadh Cheoil na hÉireann, sa bhliain chéanna.

35 Seolfar **cóipeanna de Bhileoga Moltóireachta** chuig an iomaitheoir ar iarraidh, deich lá tar éis na Fleidhe, ar réamhíocaíocht €1 in aghaidh na bileoige (móide postas). Coinneoidh rúnaí na Fleidhe / an Aonaid gach bileog mholtóireachta ar feadh tréimhse trí mhí i ndiaidh Fhleadh Cheoil na hÉireann. I gcás na n-iomaitheoirí molta a tháinig sa 3ú háit, coinneofar cóip de na bileoga sin sa chás inar cuireadh na bunchóipeanna ar aghaidh chuig leibhéal na Fleidhe Cúige / Fhleadh na hÉireann.

# Gnás an Chomórtais

**36** Ní mór gurb iad **na hiomaitheoirí féin** a bheidh i mbun ceoil, amhránaíochta, comhrá nó rince, ach amháin sna comórtais Newly Composed Song, Amhráin Nuacheaptha, agus Píosaí Ceoil Nuacheaptha, ag an ionad iomaíochta agus, a mhéid is féidir, ní mór dóibh dul san iomaíocht san ord ina nglaofaidh an Maor Glao orthu. Más rud é nach dtiocfaidh iomaitheoir i láthair nuair a ghlaofar air nó uirthi i gcomhair comórtas ar leith, agus nár tugadh fógra don Mhaor Glao ar dualgas faoi chúis chuí go mbeidh sé nó sí as láthair, beidh sé nó sí dícháilithe ón gcomórtas.

**37** Cuirfidh an Maor Glao comórtas i gcrích nuair a bheidh an t-iomaitheoir deireanach atá ar fáil tar éis cur i láthair a dhéanamh, ach amháin sa chás inar cuireadh an Maor Glao ar an eolas roimhe sin gur cuireadh moill ar an iomaitheoir atá ar iarraidh toisc é nó í a bheith san iomaíocht i gcomórtas eile, agus sa chás sin coinneofar ar oscailt an comórtas, mar is rogha leis an Maor Glao, ar feadh cúig nóiméad déag ar a mhéid. Nuair a bheidh an comórtas curtha i gcrích ag an Maor, ní fhéadfar é a oscailt arís.

**38** **Sáruithe ar na Rialacha:** Dícháileofar duine má sháraíonn sé nó sí Riail 2, Rialacha 4-25 agus iadsan san áireamh, nó Riail 34.

**39** Ní cheadaítear **aon chumarsáid** leis an moltóir ar lá an chomórtais ag ionad na Fleidhe mura trí na Maoir Ghlao a dhéanfar í.

**40** Tá cosc ar **leideanna a thabhairt do na hiomaitheoirí nó oiliúint a chur orthu** le linn aon chomórtais.

**41** **Agóid:** I gcás agóide, laistigh de sheacht lá tar éis dheireadh na Fleidhe, taiscfidh an páirtí éagóirithe leis an Rúnaí Aonaid cuí (Rúnaí Réigiúnach / Contae i gcás Fleadh Réigiúnach / Chontae, Rúnaí Cúige i gcás Fleadh Chuige agus Ard-Rúnaí i gcás Fhleadh na hÉireann) ráiteas i scríbhinn, ina leagfar síos forais chruinne an ghearáin mar aon le táille €20, nó a coibhéis in airgeadra eile. Déanfaidh an comhlacht cuí – Bord Réigiúnach, Bord Contae, Comhairle Cúige nó an Ardchomhairle – na hagóidí sin a mheas agus aisíocfar an táille €20 má sheastar leis an agóid; más rud é nach seasfar léi coinneoidh an Bord / an Chomhairle an táille sin.

**42** Déanfar **aighnis** a bhaineann le léirmhíniú Rialacha na bhFleadhanna a réiteach le tagairt do 'Rialacha Fleadhanna Ceoil'.

# Gnás Moltóireachta

**43** Ní fhéadfaidh ach moltóirí ón bpainéal oifigiúil arna roghnú ag an gContae / Réigiún, ag an gCúige nó ag an Ardchomhairle a bheith i mbun moltóireachta ag aon Fhleadh. I gcásanna eisceachtúla, áfach, féadfar cead speisialta a iarraidh ar an Ardchomhairle nó ar an gComhairle Cúige, a bheidh infheidhme maidir le Fleadh na hÉireann, Fleadh Chúige, Fleadh Chontae nó Fleadh Réigiúnach, i dtaobh duine nach bhfuil ar an bpainéal sin a fhostú.

**44** Níl cead ag moltóirí do chomórtais aonair a bheith san iomaíocht sa Chomórtas Aonair céanna i bhFleadh na bliana sin, agus, chomh fada agus is féidir é, ba chóir gur ó lasmuigh den Chontae, den Réigiún nó den Chúige na daoine sin.

**45** Is iondúil go mbeidh moltóir amháin i mbun dualgais ag gach comórtas aonair, agus beirt i gcás ceol beirte, ceol trír, Grúpaí Ceoil agus Bannaí Céilí, agus triúr ag comórtais na mBannaí Máirseála. (Féadfaidh na moltóirí dul i gcomhairle le chéile.) Tabharfaidh moltóir amháin ráiteas gearr ó bhéal ag deireadh an chomórtais. Bronnfar marc aonair ar gach port a sheinnfear nó gach amhrán a chasfar, ach amháin i gcás comórtais na nGrúpaí Ceoil agus na mBannaí Ceoil.

**46** Ní gá do na moltóirí an chéad duais a bhronnadh mura mbainfidh na hiomaitheoirí caighdeán sách ard amach.

**47** Más rud é nach rachaidh iomaitheoir san iomaíocht, breacfar nóta á chur sin in iúl go soiléir ar bhileog mholtóireachta an iomaitheora sin agus sínfidh an moltóir nó na moltóirí agus cléireach na moltóirí nó an maor glao an bhileog sin.

**48** **Moltóireacht – Bannaí Céilí agus Bannaí Máirseála:**

- **I** Ag gach Comórtas Banna Céilí ag Fleadh Cheoil na hÉireann beidh ar a laghad ceathrar (cúigear más féidir) moltóirí i mbun dualgais. Ní bheidh siadsan ina suí le chéile agus marcálfaidh siad a mbileoga moltóireachta astu féin. Tiomsófar an toradh deiridh ar bhonn chóras aitheanta na bpointí: 11, 7, 5, 4, 3, 2, 1.
- **II** I gComórtais na mBannaí Céilí Sinsear ag Fleadhanna Cúige beidh ar a laghad ceathrar (cúigear más féidir) moltóirí i mbun dualgais. Ní bheidh siad ina suí le chéile agus marcálfaidh siad a mbileoga moltóireachta astu féin. Tiomsófar an toradh deiridh ar bhonn chóras aitheanta na bpointí: 11, 7, 5, 4, 3, 2, 1.
- **III** I ngach Comórtas Bannaí Céilí eile ag Fleadhanna Cúige ina mbeidh na moltóirí ag suí agus iad scartha óna chéile, beidh ar a laghad ceathrar (cúigear más féidir) moltóirí i mbun dualgais. Marcálfaidh siad a mbileoga moltóireachta astu féin agus tiomsófar an toradh deiridh ar bhonn chóras aitheanta na bpointí: 11, 7, 5, 4, 3, 2, 1.
- **IV** I gcomórtais na mBannaí Máirseála, féadfaidh na moltóirí dul i gcomhairle le chéile agus teacht ar chinneadh comhaontaithe eatarthu.

**49** Ag Fleadh Cheoil na hÉireann, ní fhéadfar an moltóir céanna a úsáid sa chomórtas céanna dhá bhliain as a chéile, nuair is féidir é.

50 **MOLTAÍ:** Rachaidh siad siúd a bhuafaidh an Chéad Duais agus an Dara Duais ar aghaidh ó Fhleadhanna Contae / Réigiúnacha chuig Fleadhanna Cúige sa bhliain chéanna, mar aon le hiomaitheoir amháin eile ar a mhéid i ngach comórtas, má tá an moltóir deimhin gur bhain na hiomaitheoirí amach caighdeán sách ard sa ghrád cuí.

Formhuiniú: I gcás ina n-ainmneofar iomaitheoir nár bhuaigh an chéad ná an dara duais, ní mór an bhileog mholtóireachta bhunaidh chuí, agus í formhuinithe agus sínithe mar is cuí ag an Moltóir, a bheith ag gabháil leis na tuairisceáin oifigiúla. Ní fhéadfaidh an Chomhairle Cúige glacadh le hainmniúcháin mura mbeidh a leithéid de bhileog ag gabháil leo. Is ag an Moltóir amháin atá sé ainmniúcháin den sórt sin a dhéanamh agus **níor chóir iad a dhéanamh ach amháin i gcás cur i láthair den scoth.**

I gcás na gcomórtas ina mbíonn na moltóirí scartha óna chéile, agus ina mbaintear leas as córas pointí, beidh feidhm ag an nós imeachta seo a leanas: Tar éis do mhaor an chomórtais an chéad, an dara agus an tríú duais a leithdháileadh ar bhonn an chórais pointí, cuirfear gach moltóir ar an eolas ar bhonn aonair faoin rangú. Ansin iarrfar ar gach moltóir as féin nó aisti féin cibé an measann sé nó sí nó nach measann go bhfuil an té a tháinig sa tríú háit sách maith le go ndéanfaí é nó í a mholadh i gcomhair na Fleidhe Cúige. Beidh feidhm ag an gcinneadh tromlaigh i gcónaí: i gcás triúr agus cúigear moltóirí, beidh feidhm ag cinneadh tromlaigh 2:1 agus ar a laghad 3:2 faoi seach. I gcás ceathrar moltóirí beidh feidhm ag tromlach freisin – ní mór do thriúr as an gceathrar moltóirí ar a laghad an moladh a fhormhuiniú.

I gcás na gcomórtas Comhrá Gaeilge, féadfaidh suas le cúigear i ngach catagóir cáiliú le haghaidh na Fleidhe Cúige agus le haghaidh Fhleadh Cheoil na hÉireann.

## 51 Cléirigh agus Maoir

Déanfaidh Coiste Feidhmiúcháin na Fleidhe socrú sa chaoi is go mbeidh a ndóthain maor ann ionas gur féidir reáchtáil éifeachtach a dhéanamh ar an bhFleadh, na comórtais, na ceolchoirmeacha, na céilithe agus na taispeántais.

Cuirfidh sé aimpliú sásúil ar fáil don Oscailt Oifigiúil, don Tóstal, do na Ceolchoirmeacha agus do na Céilithe.

(a) Is iad na hionaid ina mbeidh na comórtais ar bun a chuirfidh Maoir Dhorais agus baill foirne eile ar fáil mar is gá.

(b) Beidh an Contae / Réigiún, an Cúige nó an Ardchomhairle freagrach astu seo a leanas a roghnú:

Maor Glao na gComórtas: Beidh an maor sin i bhfeighil thosú agus críochnú gach comórtais.

Cléireach an Mholtóra: Beidh sé / sí freagrach as na bileoga moltóireachta a ullmhú agus cuirfidh sé faoi bhráid Rúnaí an Chontae / Réigiúin, an Rúnaí Cúige nó Rúnaí na hArdchomhairle, mar is cuí, na bileoga moltóireachta go léir agus iad comhlánaithe, bileoga na dtorthaí, agus doiciméad cuí ar bith eile.

# Duaiseanna

52 Bronnfar Comhramh Oifigiúil an Chomhaltais nó bonn ar gach duine a bhuafaidh duais. Is ón gCeannoifig a cheannófar an comhramh nó an bonn sin.

53 Is iad seo a leanas na duaiseanna a bhronnfar ag Fleadhanna Contae, Fleadhanna Réigiúnacha agus Fleadhanna Cúige:

An Chéad Duais: Comhramh Síoriomaíochta (más ann dó) mar aon le comhramh nó bonn óraithe;

An Dara Duais: Bonn airgid; An Tríú Duais: Bonn cré-umha.

54 Is iad seo a leanas na duaiseanna a bhronnfar ag Fleadh Cheoil na hÉireann:

An Chéad Duais: Comhramh Síoriomaíochta (más ann dó) mar aon le comhramh nó bonn óraithe;

An Dara Duais: Bonn óir; An Tríú Duais: Bonn airgid.

Ag na Fleadhanna Cúige agus ag Fleadh Cheoil na hÉireann, bronnfar comhraimh nó boinn ar gach ball de Bhannaí Céilí agus Grúpaí Ceoil a bhuafaidh an chéad duais, an dara duais nó an tríú duais.

Ag gach Fleadh, is iad seo a leanas na duaiseanna a bhronnfar ar na Bannaí Máirseála: An Chéad Duais: Comhramh Síoriomaíochta (más ann dó) agus Teastais.

55 Chomh fada agus is féidir é, is ag ionad an chomórtais a bhronnfar na Comhraimh Síoriomaíochta ar na buaiteoirí. Ag Fleadh Cheoil na hÉireann bronnfar na na comhraimh agus na duaiseanna ag bronnadh na nduaiseanna oifigiúil na Fleidhe thar deireadh seachtaine na Fleidhe. Munar féidir le buaiteoir bheith i láthair ag aon de na bronnadh oifigiúla is féidir leo an comhraimh a bailiú ó Oifig na Fleidhe. Ar aon chuma, déanfar na comhraimh agus na duaiseanna a dháileadh ar na buaiteoirí laistigh de mhí amháin ó dheireadh na Fleidhe. Ní mór na Comhraimh Shíoriomaíochta Uile-Éireann a thabhairt ar ais go dtí áit a ainmneoidh an Comhaltas roimh an 1 Lúnasa gach bliain.

56 De réir mar is cuí, déanfaidh an Bord Contae / Bord Réigiúnach, an Chomhairle Cúige nó an Ardchomhairle socrú ionas go síneoidh buaiteoirí na gcomhramh síoriomaíochta, nó a gcaomhnóirí má tá siad faoi bhun 18 mbliana d'aois, gealltanas á dhearbhú go dtabharfaidh siad na comhraimh sin ar ais d'oifigeach atá ainmnithe sa Bhunreacht, ar éileamh i scríbhinn ón oifigeach sin sa chás ina seasfar le hagóid, agus in aon chás, tráth nach déanaí ná dhá mhí roimh an chéad Fhleadh eile.

# An Coiste Fleidhe agus an Gnás Riaracháin

**57** Is céilithe, céilithe measctha nó seiteanna a bheidh sna Rincí go léir agus beidh siad ag cloí le hAidhmeanna agus Cuspóirí Chomhaltas Ceoltóirí Éireann. Chomh fada agus is féidir é, bainfidh gné lárnach chultúir agus staire leis na paráidí.

**58** Ní mór ainmneacha na dTaibheoirí Ceolchoirme, lena n-áirítear Grúpaí (gairmiúla / leathghairmiúla nó amaitéaracha) agus na mBannaí Céilí (a fhostófar chun ceol a sheinm ag na céilithe) a chur faoi bhráid an Bhoird Chontae, an Bhoird Réigiúnaigh, na Comhairle Cúige nó na hArdchomhairle, de réir mar is cuí, lena gceadú roimh ré sula bhfostófar iad.

**59** Is é seo an leagan amach a bheidh ar Choiste Feidhmiúcháin Fleidhe: Éarlamh, Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach, Rúnaí, Comhchisteoirí (ainmní amháin ó Choiste Feidhmiúcháin na Fleidhe agus ainmní amháin ón gContae / Réigiún nó an Cúige, Oifigeach Caidrimh Phoiblí, mar aon le Cathaoirligh na bhfochoistí seo a leanas lena n-áireofar Airgeadas, Cóiríocht, Lónadóireacht, Maoirseacht, Hallaí agus Ionaid, Comharthaíocht agus Ornáidí Sráid, Siamsaíocht Sráide, Ceolchoirmeacha, Céilithe agus eile.

**60** Is é Coiste Feidhmiúcháin na Fleidhe (CFF), faoi dhlínse an Bhoird Réigiúnaigh nó an Bhoird Contae, na Comhairle Cúige nó na hArdchomhairle, de réir mar a bheidh, a bheidh freagrach as reáchtáil na Fleidhe.

**61** Beidh Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach, Rúnaí, Cisteoir agus Oifigeach Caidrimh Phoiblí gach Boird Contae nó Boird Réigiúnaigh, mar aon le Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach, Rúnaí, Cisteoir agus Oifigeach Caidrimh Phoiblí na Comhairle Cúige, ina gcomhaltaí ex-officio de gach Coiste Fleidhe laistigh dá réimsí dlínse féin, cibé is Fleadhanna Réigiúnacha, Fleadhanna Contae, Fleadhanna Cúige nó Fleadh na hÉireann atá i gceist.

**62** Dlínse shealadach a bheidh ag CFF agus tiocfaidh deireadh lena dhlínse tráth nach déanaí ná ceithre mhí, i gcás Fhleadh Cheoil na hÉireann, agus trí mhí i gcás Fleadhanna Cúige, Fleadhanna Contae nó Fleadhanna Réigiúnacha, tar éis lá deiridh na Fleidhe agus ina dhiaidh sin déanfar an Coiste a dhíscaoileadh go foirmiúil agus géillfidh sé a fhreagrachtaí agus a chuid trealaimh don Bhord Contae nó don Bhord Réigiúnach, don Chomhairle Cúige nó don Ardchomhairle, mar is cuí.

**63** Sula ndéanfar Fleadh Cheoil a leithdháileadh go críochnaitheach, agus ar choinníoll go bhfuil gach ní a bhaineann le hionad na Fleidhe sásúil, déanfar suim airgid a bhailiú ó thrádálaithe an cheantair, faoi réir rogha an aonaid atá freagrach as sin.

**64** Cinnteoidh Coiste Feidhmiúcháin na Fleidhe go ndéanfar foráil dár dtraidisiúin a cheiliúradh mar atá cumhdaithe sna hAidhmeanna agus Cuspóirí atá ag Comhaltas Ceoltóirí Éireann.

**65** Soláthróidh Coiste na Fleidhe modh cuí aitheantais i ndáil le gach duine a bheidh i mbun dualgais. Úsáidfear lógó an Chomhaltais i ngach ábhar clóbhuailte.

**66** Eagróidh Coiste na Fleidhe ócáid oscailte chuí ina ndéanfar buanna cheol, amhránaíocht agus rince traidisiúnta na hÉireann, agus buanna na Gaeilge, sa cheantar ina bhfuil an Fhleadh ar siúl a cheiliúradh agus a aithint.

**67** I gcás na gcomhramh síoriomaíochta, na scrollaí, na meirgí, na mbratach, na stiallbhratach srl. a cheannófar as Cistí na Fleidhe, is leis an mBord Réigiúnach nó an Bord Contae, an Chomhairle Cúige nó an Ardchomhairle iad de réir mar a bheidh. Ní úsáidfidh aon dream ach amháin an CFF cuí na comhraimh shíoriomaíochta agus an trealamh sin, agus úsáidfear iad ag Fleadhanna ina dhiaidh sin, de réir Rialacha na bhFleadhanna agus an Bhunreachta.

68 Nuair a eiseofar an Clár Comhardaithe, íocfaidh an CFF gach glanbhrabús le Cisteoir an Bhoird Contae nó an Bhoird Réigiúnaigh, na Comhairle Cúige nó na hArdchomhairle mar is cuí, agus is é nó í an té sin a bheidh freagrach as dáileadh cuí an ghlanbhrabúis sin.

69 Nuair a bheidh na cuntais go léir atá dlite íoctha ag an CFF, ullmhófar Clár Comhardaithe (is Cuntasóir Cairte a dhéanfaidh an obair sin i gcás Fhleadh Cheoil na hÉireann) a chuirfear ar aghaidh chuig an mBord Réigiúnach, an Bord Contae, an Chomhairle Cúige nó an Ardchomhairle mar is cuí, tráth nach déanaí ná trí nó ceithre mhí mar is infheidhme, tar éis dheireadh na Fleidhe. Mura gcomhlíonfaidh an CFF an ceanglas sin, fostóidh an Bord Réigiúnach, an Bord Contae, an Chomhairle Cúige nó an Ardchomhairle, mar is cuí, Cuntasóir Cairte, a chuirfear a chuid táillí dlite de dhochar an CFF, agus nuair a bheidh an Clár Comhardaithe socraithe, laghdófar sciar na Craoibhe áitiúla, an Bhoird Réigiúnaigh, nó na Comhairle Cúige den ghlanbhrabús de 5%. Déanfar an méid sin a íoc leis an mBord Réigiúnach, leis an mBord Contae, leis an gComhairle Cúige nó leis an Ardchomhairle mar is cuí.

70 Íocfaidh cisteoir na Fleidhe Ráta Reatha na gCostas Taistil arna chomhaontú ag an Ardchomhairle le gach moltóir nuair a bheidh dualgais na Fleidhe curtha i gcrích aige nó aici. Cuirfidh coiste na Fleidhe cóiríocht oiriúnach agus béilí ar fáil saor in aisce.

# Fleadhanna Contae agus Fleadhanna Réigiúnacha

**71** Féadfar Fleadh Chontae amháin a chur ar bun gach bliain ag a mbeidh stádas an Bhoird Contae. Féadfar Fleadh Réigiúnach amháin a chur ar bun gach bliain i ngach Réigiún ag a mbeidh stádas Réigiúnach. Féadfaidh Bord Contae, dá rogha féin, Fleadhanna Réigiúnacha a eagrú roimh an bhFleadh Chontae.

**72** Iarrfaidh an Chraobh go roghnófaí í ina hionad Fleidhe ag cruinniú an fhómhair den Bhord Contae nó den Bhord Réigiúnach. Déanfar an t-iarratas i scríbhinn a thaisceadh le Rúnaí an Chontae nó an Réigiúin tráth nach déanaí ná dhá sheachtain roimh an gcruinniú sin.

**73** Tionólfaidh an Bord Contae nó an Bord Réigiúnach cruinniú speisialta ag a mbeidh comhaltaí den Bhord Contae nó den Bhord Réigiúnach agus comhaltaí na craoibhe áitiúla. Ag an gcruinniú sin, toghfar Coiste Feidhmiúcháin na Fleidhe as measc an lucht freastail.

**74** Beidh ag an mBord Contae nó ag an mBord Réigiúnach, i gcomhar leis an gComhairle Cúige, dlínse iomlán thar an bhFleadh Chontae nó an bhFleadh Réigiúnach; agus i ngach ábhar a bhaineann leis an bhFleadh, is ag an gComhairle Cúige a bheidh an rialú críochnaitheach.

**75** Féadfar an Fhleadh a chur ar siúl ag am ar bith, ach amháin ar an deireadh seachtaine ar a dtionólfar (a) an Fhleadh Nua agus (b) an Chomhdháil Bhliantúil.

**76** Ní mór Clár na gComórtas agus na Foirmeacha Iontrála Oifigiúla a sheoladh chuig Rúnaithe Craoibhe, Rúnaithe Contae agus Rúnaithe Réigiúnacha ar a laghad sé mhí roimh an bhFleadh.

**77** **AN CLÁR:** Ullmhóidh Coistí na bhFleadhanna Contae agus na bhFleadhanna Réigiúnacha Clár Cuimhneacháin, ina mbeidh an t-eolas seo a leanas:

- **I** Ainmneacha na nIomaitheoirí agus Craobhacha / Seoltaí CCÉ, i nGaeilge más féidir é.
- **II** Na hIonaid ina mbeidh na comórtais ar bun agus barúil d'amanna tosaithe gach comórtais.
- **III** Ainmneacha chomhaltaí Choiste Feidhmiúcháin na Fleidhe.
- **IV** Ainmneacha agus seoltaí na ndaoine a bhuaigh an chéad duais an bhliain roimhe sin.
- **V** An Comhramh Síoriomaíochta a bhronnfar i leith gach comórtais, mar aon le hainm an deontóra.
- **VI** Léaráid nó léarscáil den bhaile, ar a dtaispeántar láthair na hallaí, srl.
- **VII** An sceideal ama le haghaidh na n-imeachtaí éagsúla: na Comórtais, an Pharáid, na Tóstail, na Ceolchoirmeacha, srl.
- **VIII** Ainmneacha Oifigigh agus Toscairí na Comhairle Cúige.
- **IX** Ailt / tuarascálacha faoi stair agus oidhreacht an cheantair, ceol, amhránaíocht, rince srl.

**78** Déanfar glanbhrabús na Fleidhe a roinnt mar seo a leanas:

50% don Chraobh a bheidh an Fhleadh á reáchtáil aici

50% don Bhord Contae nó don Bhord Réigiúnach

*NB. Déanfar na caillteanais a iompar sa chomhréir chéanna.*

# Fleadhanna Cúige

79 Beidh an Fhleadh Chúige ar siúl i ngach Contae sa Chúige ar a seal, más rud é go bhfuil Bord Contae gníomhach sa Chontae sin. I gcás na Breataine agus Mheiriceá Thuaidh, cinnfidh Comhairlí Cúige na Breataine agus Mheiriceá Thuaidh ionad na bhFleadhanna Cúige. Féadfaidh an Chomhairle Cúige, dá rogha féin, a leagan síos go mbaileofar suim shocraithe agus go ndéanfar í a thaisceadh i gcuntas Choiste Feidhmiúcháin na Fleidhe sula ndéanfar an Fhleadh a leithdháileadh go cinntitheach. Chomh fada agus is féidir é, ní chuirfear aon dá Fhleadh Chúige ar siúl ar an dáta céanna.

80 Iarrfaidh Contae ar an gComhairle Cúige go ndéanfar é a roghnú mar Ionad Fleidhe tráth nach déanaí ná an cruinniú a thionólfaidh sé i mí an Mhárta. Déanfar an t-iarratas i scríbhinn ón Rúnaí Contae a thaisceadh leis an Rúnaí Cúige tráth nach déanaí ná an 1 Feabhra sa bhliain roimh an bhFleadh. Sonrófar an méid seo a leanas san iarratas:

- **I** An t-ionad atá beartaithe don Fhleadh.
- **II** Líon na gcomhaltaí Craoibhe ag an ionad sin.
- **III** Daonra an ionaid.
- **IV** Saoráidí do chomórtais, ceolchoirmeacha agus céilithe ag an ionad.
- **V** Saoráidí lónadóireachta agus cóiríochta ag an ionad.
- **VI** Áiseanna iompair.
- **VII** Struchtúir tiomsaithe airgid.

81 Tionólfaidh an Bord Contae a bhfuil an Fhleadh faoina choimirce cruinniú den Bhord Contae agus den chraobh áitiúil chun an CFF a thoghadh as measc a gcuid comhaltaí féin. Beidh an CFF freagrach don Bhord Chontae, a bheidh freagrach ina sheal don Chomhairle Cúige.

82 Beidh ag an mBord Cúige, i gcomhar leis an Ardchomhairle, dlínse iomlán thar an bhFleadh Chúige agus i ngach ábhar a bhaineann leis an bhFleadh. Is críochnaitheach iad rialuithe na hArdchomhairle. Is í an Chomhairle Cúige a shocróidh na táillí iontrála ag Fleadhanna Cúige. Gearrfar táille iontrála laghdaithe ar dhaoine faoi 18 mbliana.

83 Déanfar an t-airgead go léir a gheobhaidh an CFF, ar a fháil, a thaisceadh de shochar Chomhaltas Ceoltóirí Éireann i gcuntas reatha i mbanc atá ceadaithe ag an gComhairle Cúige, faoi ainm na Fleidhe Ceoil Cúige, le síniú beirt chisteoirí (duine amháin atá ar Choiste Feidhmiúcháin na Fleidhe agus duine eile a ainmneoidh an Chomhairle Cúige). Is le seic a tharraingeofar aon airgead as an gcuntas sin, agus beidh síniú na beirte sin ar an seic.

84 Beidh na comórtais ag Fleadhanna Cúige teoranta do na daoine a fuair an Chéad nó an Dara Duais ag an bhFleadh Chontae nó ag an bhFleadh Réigiúnach sa Chúige sa bhliain reatha, mar aon le hiomaitheoir amháin eile ar a mhéid ó gach contae i ngach comórtas mar atá leagtha síos i Riail 48. I gcás na gcomórtas Comhrá Gaeilge, féadfaidh suas le cúigear cáiliú ón bhFhleadh Chontae nó ón bhFleadh Réigiúnach.

85 **An Clár:** Ullmhóidh Coistí na bhFleadhanna Cúige **Clár Cuimhneacháin**, ina mbeidh an t-eolas seo a leanas:

- **I** Ainmneacha na nIomaitheoirí agus Craobhacha / Seoltaí an Chomhaltais, i nGaeilge más féidir é.
- **II** Na hIonaid ina mbeidh na comórtais ar bun agus barúil d'amanna tosaithe gach comórtais.
- **III** Ainmneacha chomhaltaí Choiste Feidhmiúcháin na Fleidhe.
- **IV** Ainmneacha agus seoltaí na ndaoine a bhuaigh an chéad duais an bhliain roimhe sin.
- **V** An Comhramh Síoriomaíochta a bhronnfar i leith gach comórtais, mar aon le hainm an deontóra.
- **VI** Léaráid nó léarscáil den bhaile, ar a dtaispeántar láthair na hallaí, srl.
- **VII** An sceideal ama le haghaidh na n-imeachtaí éagsúla: na Comórtais, an Pharáid, na Tóstail, na Ceolchoirmeacha, srl.
- **VIII** Ainmneacha Oifigigh na Comhairle Cúige.
- **IX** Ailt / tuarascálacha faoi stair agus oidhreacht an cheantair, ceol, amhránaíocht, rince srl.

86 Déanfar glanbhrabús na Fleidhe Cúige a roinnt agus a íoc mar seo a leanas:

25% don chraobh a bheidh an Fhleadh á reáchtáil aici;

25% don Bhord Contae nó don Bhord Réigiúnach;

25% don Chomhairle Cúige;

25% don Ardchomhairle.

**87** Más gá dáta Fhleadh Cheoil na hÉireann a athrú, beidh d'údarás ag an Ardchomhairle é sin a dhéanamh, gan tagairt don Chomhdháil. Ní chuirfear aon imeacht eile de chuid an Chomhaltais ar siúl ar na dátaí sin.

**88** Féadfaidh an tIonad a bheith in aon Chontae ina bhfuil Bord Contae láidir, má tá craobh ghníomhach de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann ag an ionad.

**89** Roimh chruinniú cuí na hArdchomhairle, cuirfidh an Chomhairle Cúige a bhfuil an t-ionad á ainmniú aici, trína Rúnaí, ar aghaidh chuig Ard-Rúnaí Chomhaltas Ceoltóirí Éireann eolas a sholáthróidh an Chraobh atá ag cur isteach ar an bhFleadh maidir leis an méid seo a leanas:

- **I** Daonra an ionaid atá beartaithe.
- **II** Líon na gcomhaltaí sa chraobh áitiúil.
- **III** Saoráidí do chomórtais, ceolchoirmeacha, céilithe: líon agus oiriúnacht na hallaí agus líon na daoine dá n-oireann siad.
- **IV** Áiseanna taistil.
- **V** Áiseanna lóistín agus lónadóireachta.
- **VI** Struchtúir tiomsaithe airgid.

Tar éis dó gach iarratas bailí a fháil, tabharfaidh an Buanchoiste cuairt ar na hionaid atá beartaithe agus tabharfaidh sé tuarascáil do chruinniú na hArdchomhairle ag a bhfuil an Fhleadh á leithdháileadh maidir le hoiriúnacht na n-ionad atá beartaithe.

**90** Ní mór don Bord Contae iarratas a bheith mar ionad na fleidhe a sheoladh chuig an Comhairle Cúige roimh an 31 Lúnasa sa bhliain roimh an mbliain ina mbeidh an vótáil ar siúl.

Ní chuirfidh Comhairlí Cúige isteach ach ainmniúchán amháin i leith an ionaid agus caithfear an ainmniúcháin a sheoladh chuig an Ardchomhairle roimh an 31 Nollag sa bhliain roimh an mbliain ina mbeidh an vótáíl ar siúl. Déanfar an t-ionad a chinneadh, ag cruinniú den Ardchomhairle i rith na bliana sa bhliain roimh an fleadh a bheith ar siúl. Déanfar é a chinneadh le ballóid rúnda de chuid na hArdchomhairle. Sa chás ina bhfaighfear trí ainmniúchán nó níos mó, cuirfear an córas cur as an áireamh i bhfeidhm. Sa chás go bhfuil dhá ionad ar aon chéim ó thaobh vótaí de chuirtear ainm an dá ionad i hata agus piocfar ceann ón hata.

**91** Beidh dlínse iomlán ag an Ardchomhairle thar an bhFleadh agus i ngach ábhar a bhaineann leis an bhFleadh. Beidh a rialuithe críochnaitheach.

**92** Tionólfaidh an Bord Contae a bhfuil an Fhleadh Cheoil faoina choimirce cruinniú ag a mbeidh comhaltaí den Bhord Contae agus comhaltaí na Craoibhe áitiúla. Toghfar Coiste Feidhmiúcháin na Fleidhe ag an gcruinniú sin. Beidh an Coiste sin freagrach don Ardchomhairle. Beidh comhaltaí na bhfochoistí faoi réir ceadú roimh ré ón CFF.

**93** Déanfar an t-airgead go léir a gheobhaidh an CFF, ar a fháil, a thaisceadh de shochar Chomhaltas Ceoltóirí Éireann i gcuntas reatha i mbanc atá ceadaithe ag an Ardchomhairle, faoi ainm Fhleadh Cheoil na hÉireann, le síniú beirt chisteoirí (duine amháin atá ar an mBord Contae agus duine eile a ainmneoidh an Ardchomhairle). Is le seic a tharraingeofar aon airgead as an gcuntas sin, agus beidh síniú na beirte sin ar an seic.

94 Déanfaidh an Ardchomhairle riaradh na Fleidhe a athbhreithniú agus, más gá, déanfar é a leasú i bhfianaise an dul chun cinn a tuairiscíodh ag an gcruinniú den Ardchomhairle arna thionól trí mhí tar éis an dáta ar ar leithdháileadh an Fhleadh don ionad, ar choinníoll go mbeidh na leasuithe sin ag teacht le Rialacha na bhFleadhanna.

95 Is í an Ardchomhairle a shocróidh na táillí isteach chuig ionaid chomórtais, céilithe agus ceolchoirmeacha Fhleadh Cheoil na hÉireann, i gcomhar leis an lucht eagraithe áitiúil, an tráth a roghnófar ionad na Fleidhe, agus beidh táillí laghdaithe i bhfeidhm i gcás daoine faoi 18 mbliana.

96 **CÁILITHEOIRÍ:** Beidh gach comórtas ag Fleadh Cheoil na hÉireann teoranta dóibh seo a leanas:

**I** Iad siúd a bhuaigh an chéad nó an dara duais, mar aon leis an gcúigear buaiteoirí sna comórtais Comhrá Gaeilge ag na Fleadhanna Cúige – na seacht bhFleadh cháilitheacha de réir Riail 3 – sa bhliain sin.

**II** Iomaitheoirí a bhfuil caighdeán sách ard bainte amach acu, a bhfuil gnáthchónaí orthu i dtír nach mbíonn aon Fhleadh cháilitheach ar bun inti, agus a shroichfidh a gcuid iontrálacha Cultúrlann na hÉireann tráth nach déanaí ná mí féilire amháin roimh an bhFleadh. Sa chás ina bhfaighfear breis agus dhá iontráil d'aon chomórtas amháin as aon tír amháin, eagróidh Oifigeach na gComórtas de chuid an Chomhaltais comórtas cur as an áireamh roimh an gcomórtas féin.

**III** Iad siúd a fuair an chéad duais sa chomórtas os cionn 18 (Aoisghrúpa D) ag Fleadh Cheoil na hÉireann an bhliain roimhe sin, buaiteoirí an Chomórtais Seit Mheasctha thar 35 (47L) agus buaiteoir chomórtas na mBannaí Máirseála, Píb (30E). Ní áirítear leo buaiteoirí na gcomórtas Newly Composed Ballads, Amhráin Nuacheaptha agus Píosaí Ceoil Nuacheaptha.

97 **CLÁR:** Ullmhóidh Coiste Feidhmiúcháin na Fleidhe Clár Cuimhneacháin, ina mbeidh an t-eolas seo a leanas:

**I** Ainmneacha na nIomaitheoirí agus Craobhacha / Seoltaí an Chomhaltais, i nGaeilge más féidir é.

**II** Na hIonaid ina mbeidh na comórtais ar bun agus barúil d'amanna tosaithe gach comórtais.

**III** Ainmneacha chomhaltaí Choiste Feidhmiúcháin na Fleidhe.

**IV** Ainmneacha agus seoltaí na ndaoine a bhuaigh an chéad duais an bhliain roimhe sin.

**V** An Comhramh Síoriomaíochta a bhronnfar i leith gach comórtais, mar aon le hainm an deontóra

**VI** Léaráid nó léarscáil den bhaile, ar a dtaispeántar láthair na hallaí, srl.

**VII** An sceideal ama le haghaidh na n-imeachtaí éagsúla: na Comórtais, an Pharáid, na Tóstail, na Ceolchoirmeacha, srl.

**VIII** Ainmneacha Oifigigh an Ardchomairle.

**IX** Ailt / tuarascálacha faoi stair agus oidhreacht an cheantair, ceol, amhránaíocht, rince srl.

98 **Airgeadas:**

I Is í an Ardchomhairle a chinnfidh an tobhach a bheidh le híoc ag an gCoiste Fleidhe:

Ní mór dhá thrian de a íoc faoin 1 Nollaig sa bhliain roimh an bhFleadh agus aon trian a íoc roimh dheireadh mhí an Mheithimh i mbliain na Fleidhe.

Íocfar 10% den tobhach leis an gCraobh Choimircíochta, leis an mBord Contae agus leis an gComhairle Cúige nuair a gheofar an Clár Comhardaithe i ndiaidh na Fleidhe.

II Nuair a bheidh an clár comhardaithe eisithe, íocfar gach glanbhrabús leis an gcraobh choimircíochta ar mhaithe le cur chun cinn na dtraidisiún cultúrtha sa cheantar, mar atá cumhdaithe in Aidhmeanna agus Cuspóirí an Chomhaltais agus arna gceadú ag an Ardchomhairle.

III Iompróidh an Ardchomhairle, an Chomhairle Cúige, an Bord Contae agus an chraobh áitiúil aon chaillteanas ar an bhFleadh, ar bhonn codanna cothroma, as a sciar den tobhach atá luaite ag (i).

99 **Leasuithe – Rialacha Fleadhanna Ceoil:** Déanfar moltaí le haghaidh leasú a dhéanamh ar Rialacha na bhFleadhanna Ceoil a chur faoi bhráid Chomhdháil 2022 agus gach trí bliana ina dhiaidh sin.

100 **Clár na gComórtas:** Ó am go chéile, ullmhóidh an Ardchomhairle Clár na gComórtas, a bheidh oiriúnach le haghaidh Fleadhanna Réigiúnacha, Fleadhanna Contae, Fleadhanna Cúige agus le haghaidh Fhleadh Cheoil na hÉireann. Bíonn an Clár sin ar fáil ó CCÉ, 32 Cearnóg Belgrave, Baile na Manach. Baineann sé le comórtais oifigiúla Fleidhe Ceoil agus is ar na Rialacha Fleadhanna Ceoil atá sé bunaithe.

## Leasuithe / Nótaí

Leasuithe / Nótaí